Deonadh toilithe iomlána athbhreithnithe do chéim 1 d'athfhorbairtí infrastruchtúir chriticiúil phort Rinn an Scidígh i 2017. Mar chuid de sin athlonnóidh an port a ghnó coimeádáin ón áit a bhfuil sé anois i Tivoli i lár na cathrach go háis nua ag Rinn an Scidígh agus cuirfidh sin ar chumas an Phoirt ligean do Chorcaigh an aimsir a sheasamh mar thairseach idirnáisiúnta don trádáil. Beidh an Port in ann leanúint air de bheith ag déanamh freastail ar riachtanais ár gcuid custaiméirí agus riachtanais forbartha eacnamaíochta an réigiúin agus na ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta.




Léiríonn **Pictiúr 1:** na srianta ag na háiseanna reatha LóLó i gCríochfort Coimeádáin Tivoli (doimhneacht an uisce, an leithead do luascadh, acmhainn chríochfort taobh na talún).

**Figiúr 1:** Agus é ag feidhmiú cuimseoidh Céim 1 d'Fhorbairt Rinn an Scidigh Beart Aonair 360m Optamaithe, Córas Oibr. Iompróra Ghabhalscartha, foirgnimh nua cothabhála agus Custaim & Máil.

Is é atá san fhorbairt tráchtála seo ná chéad chéim chur i bhfeidhm Phlean Forbartha Straitéisí Phort Chorcaí, ar tacaíodh leis na croíphrionsabail a bhaineann leis i bPolasaí Náisiúnta na bPort ó 2013, mar ar ainmníodh Corcaigh mar phort Sraith 1 a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis.

Meastar go mbeidh costas €87 milliún ar an bhforbairt sa tréimhse 2017-2021, lena n-áirítear infrastructúr ar luach €50 milliún agus Forstructúr ar luach €18 milliún (craenacha / iompróirí gabhalscartha) & táillí forbartha, .i. pleanáil srl. Chomh maith le húsáid a bhaint as cúlchistí airgid de chuid na Cuideachta agus as tacaíocht airgeadais CEF an Aontais Eorpaigh, le toiliú an Aire chomhaontaigh an Chuideachta structúr maoinithe d'Athfhorbairt Phoirt Rinn an Scidigh leis an BEI, AIB agus CISI, Cistí Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn. Bronnadh an Conradh ar BAM Civil Teo., a chuir tús leis an obair i Mí na Bealtaine 2018.

Táthar fós i mbun tógála ag Tionscadal Athfhorbartha Rinn an Scidigh. Lean CPC uirthi de bheith i gcomhairle leis na cónaitheoirí agus páirtithe leasmahra maidir leis an bhforbairt; d'éirigh leis an straitéis teagmhála tionscadail mar is beag gearán a rinneadh faoin tógáil agus bhíomar in ann iad ar fad a réiteach. Níor chuir oibriúcháin an chonraitheora isteach ar oibriúcháin ná ar shlándáil an Phoirt ach an oiread. Críochnaíodh go rafar an feachtas dumpála ar muir dreidireachta, ceadaithe ag GCC, i Mí Aibreáin 2019.



**Pictiúr 2:** Beart & Limistéar Críochfoirt- Meitheamh 2021 v. Tosú na hOibre.

Lean an conraitheoir infrastructúir ar aghaidh lena chuid gníomhaíochtaí tógála. Deimhníodh Limistéar Só Mhuiríne Phointe Phádraig, bealach isteach Bheart an Domhainuisce agus bóithre inmheánacha poirt a bheith críochnaithe. ag an Innealtóir.



**Pictiúr 3:** Deimhníodh Limistéar Só Mhuirine Phointe Phádraig a bheith críochnaithe ag an Innealtóir i Mí Aibreáin 19, agus cuid mhór dul chun cinn déanta ar bhealach isteach Bheart an Domhainuisce agus ar bhóithre inmheánacha an phoirt.

Leantar ar aghaidh le hobair ar gach gné den tionscadal lena n-áirítear an ché, clós na gcoimeádán agus bóithre inmheánacha. Tógadh dhá chraein droichid long go cladach ar an láithreán, ag feitheamh le críochnú na cé ag an gconraitheoir infrastruchtúir. D’fhaomhaigh ABP iarratas Alt 146B freisin, leis an bhfoirgneamh custaim a mhéadú le freastal a dhéanamh ar riachtanais reatha & todhchaí lucht Custaim & Mál.

Tabharfaidh forbairt seo **Chríochfort Coimeádáin Chorcaí** i bPort Chorcaí, sochair shuntasacha eacnamaíocha do Chorcaigh agus do réigiún na Mumhan, chomh maith leis an ngeilleagar náisiúnta. Déantar 98% d’earraí iompórtála/easpórtála na hÉireann a aistriú ar longa; is fiú breis is €14 billiún an méid sin go bliantúil i gCorcaigh amháin, rud a chuireann béim ar thábhacht an phoirt do gheilleagar an réigiúin.

Ar 30 Márta 2020 dhaingnigh agus dhún an conraitheoir infrastruchtúir a láithreán ag Rinn an Scidigh de réir na mBeart Sláinte Poiblí a cuireadh i bhfeidhm chun leathnú C-19 a stopadh; atosáíodh an obair ar 5 Bealtaine 2020. Ainmníodh an tionscadal seo mar cheann riachtanach le linn srianta L5 COVID i Mí Eanáir 2021, agus mar sin de leanadh den tógáil. Tá Céim 1 den fhorbairt sceidealaithe faoi láthair le bheith críochnaithe faoi Mhí Iúil 2021.

### **Iarratas Maoinithe TEN-T ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE):**

Ag leibhéal na hEorpa, tá Port Chorcaí san áireamh laistigh de Rialachán TEN-T mar ‘croí’phort ar Chonair na Mara Thuaidh / na Meánmhara, chomh maith le bheith aitheanta mar Phort Sraith 1 i réimse Pholasaí Náisiúnta na bPort 2013. Tar éis Breatimeachta, beidh Port Chorcaí san áireamh ar Chonair an Atlantaigh nuair a ghactar leis an Rialachán ábhartha ag an AE. De réir an ainmniúcháin TEN-T seo tá maoiniú faighte ag an bport faoin TEN-T agus faoi scéimeanna cúnamh dheontais na Saoráide um Chónascadh na hEorpa le haghaidh a chuid forbairtí i Rinn an Scidigh.

D’éirigh le Cuideachta Phort Chorcaí i 2013 lena iarratas maoinithe faoin scéim “Luathú/ Éascú do chur i bhfeidhm thionscadail TEN-T”. Cuireadh cúnamh deontais 50%, ar luach €1.8 milliún, ar fáil chun toilithe reachtúla a fháil d’fhorbairt Rinn an Scidigh, do na breithmheasanna iomlána airgeadais agus eacnamaíocha, don dearadh mionsonraithe, don phlean cumarsáide agus chun doiciméid tairisceana a ullmhú.

D’éirigh le Cuideachta Phort Chorcaí maidir le hiarratas ar Mhaoiniú CEF TEN-T ón Rannóg Iompar ó DG-Move an Choimisiúin Eorpaigh (An Ard-Stiúrthóireacht don tSoghluaisteacht agus don Iompar) le linn 2015 tar éis di tacaíocht a fháil ón Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt. Leithdháil an Coimisiúin Eorpach €12.74 milliún




(17.5% den chaiteachas incháilithe) chun tógáil tionscadal beartaithe Rinn an Scidigh a mhaoiniú. Síníodh comhaontuithe leasuithe le INEA CEF i Mí na Nollag 2019 agus 2020 chun freastal a dhéanamh ar an moill i dtaca le críochnú an tionscadail. Fuair an Chuideachta €5.3m go dtí seo.

Chuir CPC iarratas breise CEF isteach do mhaoiniú le cabhrú le méadú Bheart an Domhainuisce i Rinn an Scidigh, iarratas nár éirigh leis i 2020.

### **Cuideachta Phort Bhá Bheanntraí DAC:**

Críochnaíodh cónascadh agus comhdhlúthú shócmhainní Choimisinéirí Chuan Bhá Bheanntraí le CPC ar 1 Eanáir 2014; cruthaíodh Cuideachta Phort Bhá Bheanntraí DAC, ar fochuideachta 100% é, chun oibriúchán Bhá Bheanntraí a bhainistiú. D’oscail CPBB Muiríne nua Bhá Bheanntraí ag costas c. €9m, do bháid na háite agus do bháid ar cuairt, i 2017. Soláthraíonn Forbairt seo an Chuain laistigh rochtain agus áiseanna feabhsaithe ar ché an bhaile. Téann sí go mór chun tairbhe na ngnónna reatha agus tacaíonn sé leo, agus cothóidh agus méadóidh sí gníomhaíocht tráchtála & shó i gCuan agus i mBaile Bheanntraí. Bhí áiseanna Bheanntraí an-ghnóthach i samhradh saoire sa bhaile 2020, sa bhliain C-19 seo.



**Pictiúr 4:** Muiríne Bhá Bheanntraí.

Tá CPBB ag obair le grúpaí áitiúla pobail le hathbhreithniú agus machnamh a dhéanamh faoi fhorbairtí breise ag limistéar ché na Mainistreach agus limistéar shlaba na taoide sa chuan laistigh le cabhair ó RIAI (Inst. Ríoga Ailtirí na hÉireann). Foilsíodh a dtuarascáil maidir le dearadh fhorbairtí poitéinsiúla sna limistéir seo i mBeanntraí i Nollaig 2019 ach cuireadh cúrsaí ar athlá i 2020 mar gheall ar COVID-19.

### **Pointe Marino:**

Rinne CPC CF – Cuideachta Fhorbartha Mharino Belvelly DAC (CFMB) le Lanber Holdings (CPC 40%, Lanber 60%), a cheannaigh Pointe Marino i Mí Mheithimh 2017 agus é i gceist an láithreán a fhorbairt do chuspóirí poirt. Aithníodh Pointe Marino le fada mar láithreán oiriúnach Poirt chun cur le háiseanna i Rinn an Scidigh. I measc bhuanna na láithreáin tá:

- Nascacht iarnróid;

- Caladh ar ann dó cheana – Tarraingt 10m – Rochtain agus Beartlann;
- Ainmniúchán Seveso, agus
- Acmhainn shuntasach fhorbartha mar láithreán Poirt Chuain Chorcaí.

Tá roinnt ábhar dúshláin os comhair an láithreáin freisin a bhaineann le pleanáil, toiliú ceadúnais cladaigh, rochtain droichid & bhóthair agus costas na hathfhorbartha, áfach.

Chuir CFMB doiciméid dlí i gcrích chun sciar 15 acra d’Áis Phointe Marino a dhíol d’Origin (faoi réir ag pleanáil) do láithreán atá comhlíontach le Seveso chun a ghnólacht leasacháin Seveso Goulding a athlonnú ó na Duganna i lár Chathair Chorcaí. Is mian le Comh. Chath. Chorcaí gach áis Seveso a aistriú as lár na cathrach le hathfhorbairt na nDuganna a éascú; is é láithreán Goulding an láithreán deireanach Seveso atá sa cheantar. Níl aon láithreán eile Seveso ann san Iardheisceart a thabharfaidh na 15 acra d’Origin a theastaíonn uathu le rochtain ar áiseanna poirt.

Tugadh máistirphlean do Phointe Marino chun críche agus deonadh cead d’iarratas pleanála oibreacha cumasúcháin ag Comh. Cont. Chorcaí ar 22 Iúil 2020, agus níos déanaí ag ABP, ar 25 Feabhra 2021, tar éis achomhairc. Chuir Gouldings a n-iarratas pleanála isteach i Mí na Nollag 2020. Tá pléite fós ag dul ar aghaidh le roinnt ábhar custaiméirí do Phointe Marino agus tá sé i gceist ag CFMB cuid den láithreán a choimeád d’Oibríocháin Phoirt.

Meastar go mbeidh Pointe Marino ina dhlúthchuid d’infrastruchtúr Phort Chorcaí amach anseo. Laige sa phlean seo, áfach, is ea bheith ina scairshealbhóir mionlaigh i CFMB, agus tá CPC dírithe ar smacht níos mó a fháil ar ghnéithe sin an láithreáin a theastaíonn do riachtanais dhíreacha CPC. Tionóladh pléite tosaigh le Lanber maidir leis sin agus tá cruinniú eile le hionadaithe Lanber le bheith ann i Ráithe 2, 2021.

### **Forbairt Duganna Chathair Chorcaí:**

Tacaíonn CPC i gcónaí le hathfhorbairt Duganna Chorcaí agus tá sé i gceist aici ról iomlán a chur i gcrích maidir le cinntiú go mbaintear amach poitéinseal forbartha an cheantair. Le críochnú Phort nua Rinn an Scidigh, athlonnófar pearsanra agus gnónna ar fad Lár na Cathrach i Rinn an Scidigh. Dá bharr sin ba chóir go mbeadh láithreán Chéanna na Cathrach ar fáil le haghaidh athfhorbartha.

Tá lucht bainistíochta CPC i mbun pléite leanúnacha le Comhairle Chathrach Chorcaí maidir le feidhmiú Chéanna na Cathrach sa todhchaí. Chun cabhrú leis an bpróiseas seo thoiligh CPC, tar éis dul i gcomhairle leis na Ranna ábhartha, agus ar bhonn neamhcheangailteach, go ndéanadh an Oifig Luachála luacháil ar Chéanna na Cathrach. Luacháil an oifig luachála an láithreáin ag €6.97m in Eanáir 2020. Creideann an Port go ndéanann an luacháil seo an láithreán a mheas go mór faoina luach agus nach gcuirtear san áireamh ann luach na gcéanna mar phort oibríochtúil. Ina theannta sin, meastar, ar an gceann caol de, go gcosnóidh sé breis is €30m chun na bunsócmaidíní seo a athsholáthar, chun freastal a dhéanamh ar an trádáil iompórtála/easpórtála seo chuig áit eile sa phort.

Tá bainisteoirí CPC ag plé conclúidí na tuarascála seo chomh maith le moladh ag Comhairle na Cathrach le Bord Stiúrthóirí na Cuideachta agus leis an Roinn. Tá an Bord muiníneach go mbeifear in ann comthoiliú faoin gceist seo a chur i láthair na Roinne go luath.

## **Teach an Chustaim, Corcaigh:**

Tar éis athbhreithniú mionsonraithe ar roghanna maoinithe athfhorbartha Rinn an Scidígh shocraigh Stiúrthóirí CPC go ndéanfaí réadmhaoin Theach an Chustaim atá suite ag Cé Theach an Chustaim i lár Dhuganna Chorcaí, a fhógairt lena díol ar an margadh oscailte. Bhí spéis mhór ag páirtí amháin i gceannach na réadmhaoine agus thoiligh Bord Stiúrthóirí CPC dul ar aghaidh le hidirbheartaíocht leo. Síníodh comhaontú do dhíolachán Theach an Chustaim le Tower Developments Properties Limited (Time Square Developments Limited, Nua Eabhrac ar 20 Aibreán 2017 agus críochnaíodh an díolachán ar 31 Eanáir 2021.) Athraíodh seoladh Cláraithe na Cuideachta chuig Foirgneamh Críochfoirt Tivoli, Tivoli, Corcaigh ó 1 Eanáir 2021.

Tá iarratas curtha faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta chun faoiseamh cánach a fháil faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, maidir le tabhartas saothar ealaíne don Stát, a coinníodh roimhe seo i dTeach an Chustaim.

## **Próiseas Deartha Uirbigh do Dhuga & d'Eastát Tionsclaíoch Tivoli:**

Agus é ag ullmhú d'athfhorbairt láithreán Tivoli sa todhchaí, choimisiúnaigh Cuideachta Phort Chorcaí Institiúid Ríoga na nAiltirí chun breithniú a dhéanamh faoin úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eastát seo sa todhchaí. Tugadh an tAthbhreithniú Deartha seo 'Peirspictíocht Nua do Tivoli' chun críche i 2017 agus cuireadh é i láthair na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (RTPRÁ) agus Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISI). I Mí Mheithimh 2018, shínigh Cuideachta Phort Chorcaí agus CISI Meamram Tuisceana le bheith ag comhoibriú chun clár ullmhúcháin a cheapadh agus a sheachadadh chun Tivoli a fhorbairt. Tá MT nuashonraithe CPC / CISI á phlé faoi láthair.

I Mí Eanáir 2019 le tacaíocht ó mhaoiniú URDF (€338k) d'fhógair Cuideachta Phort Chorcaí ceapachán speisialtóirí deartha uirbigh (Tyrens Reddy) agus réadmhaoine (Savills) chun roghanna a ullmhú don fhorbairt arbh fhéidir a chur i bhfeidhm i dtaca le Duga & Eastát Tionsclaíoch Tivoli, de réir chuspóirí Polasaí an Rialtais atá leagtha amach do na Duganna sa Chreat Náisiúnta Pleanála – Éire 2040. Cuireadh cás gnó cuimsitheach, iarratais chun foChuideachta 100% TivDevCo a bhunú agus teideal saorsheilbhe a fháil san áireamh, faoi bhráid na Roinne i Meán Fómhair 2019. Tá eolas breise iarrtha ag an Roinn maidir leis an iarratas seo. Tá sé d'acmhainn ag athfhorbairt eastáit Tivoli sa todhchaí príomhról a chur i gcrích i slándáil airgeadais Chuideachta Phort Chorcaí, agus freisin deis athfhorbartha uirbí mór-le-rá a thabhairt don Chathair.

Ina theannta sin d'éirigh leis an tionscadal athfhorbartha seo do Tivoli 75% de mhaoiniú €1.3m a fháil ó Chiste URDF, le linn síneadh Bhabhta 1 i Mí D. Fómhair 2020. D'éirigh leis an iarratas seo maidir le dearadh teicniúil, staidéar timpeallachta, teagmháil le páirtithe leasmhara agus tabhairt chun na céime pleanála, don infrastruchtúr seo a leanas do Dhuga & Eastát Tionsclaíochta Tivoli.

- Uasghrádú bhóthar nua rochtana thiar
- Acomhal bóithre breise rochtana thoir chuig an láithreán thar an mbóthar iarainn,
- Stáisiún traenach comaitéireachta ar láithreán Tivoli, agus
- Rotharbhealach / siúlbealach tríd an láithreán.

## **Talamh Rinn an Scidígh agus Malartú Talún ÚFT:**

Mar chuid den bhuntionscadal IMERC (Braisle Acmhainní Fuinnimh agus Muirí na hÉireann) ag Rinn an Scidígh bhí ceangal curtha ag CPC uirthi féin maidir le haistriú tailte (20 acra) a bhí faoina smacht, agus tailte ÚFT mar chúiteamh dóibh, do COC chun Lárionad Taighde Mara a thógáil a mbeadh clú domhanda air as a chuid taighde agus forbartha, chun teacht a bheith againn ar phoitéinseal mara agus fuinnimh na tíre. Rachadh sé sin chun tairbhe gach páirtí. Bhí díomá ar CPC fáil amach go mbeadh, mar gheall ar athbhreithniú a coimisiúnaíodh ag COC agus ag ITC i 2016, go ndéanfaí rannpháirtíocht COC agus ITC i dtionscadal IMERC a laghdú, go háirithe tar éis do CPC 3.5 acra a aistriú go COC cheana féin maidir leis an tionscadal seo. Coinneoidimid an Roinn Iompair ar an eolas maidir leis an gceist seo. Fuair an Port cead pleanála chun lastas a stóráil ar na hacraí eile atá in aice leis an gColáiste Muirí.

## **Cúrsaí Turasóireachta:**

Is ionann labhairt faoi stair an Chuain agus labhairt faoi stair an Chóibh agus inniu tá sé le maíomh ag an gCóbh gur ansin atá lonnaithe an t-aon chríochfort tiomanta Cúrsála atá in Éirinn. Is féidir freastal a dhéanamh ar shoithí suas le 340m ar fad faoi láthair. I 2019 thug san iomlán 100 long chúrsála cuairt ar Chorcaigh agus iad ag iompar breis is 200,000 paisinéir agus criú a thug cuairt ar an réigiún. Bhí 100 long chúrsála eile le cuairt a thabhairt ar Chorcaigh i 2020. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le cuairteanna na long cúrsála ar Bheanntraí; thug 10 gcinn acu cuairt i 2019 agus bhí 15 shoitheach le cuairt a thabhairt i 2020. Ar an drochuair i 2020 cuireadh gach cuairt ó long chúrsála ar ceal, beagnach, mar gheall ar thionchar COVID-19 agus faoi láthair níltear ag dréim le long chúrsála ar bith i 2021.

Leathnaíodh Áiseanna Bheart Cúrsála Domhainuisce an Chóibh agus cuireadh feabhas orthu le dóthain infrastruchtúir mhúrála & doimhneacht uisce a sholáthar le freastal a dhéanamh ar na longa cúrsála is mó Aicme Quantum ag críochfort cúrsála an Chóibh.

Is rannpháirtigh gníomhacha iad Poirt Chorcaí agus Bheanntraí i roinnt tionscnamh ar aidhm leo an acmhainn turasóireachta a fhorbairt i gCuain Chorcaí agus Bheanntraí. Tá mar chuid dóibh sin bheith ag glacadh páirte i gCruise Ireland, Cork Cruise, grúpa oibre Inis Píc Chomhairle Chontae Chorcaí, Grúpa Bainistíochta Chuan Chorcaí, ag obair le Comhlachas Tráchtála an Chóibh agus a Chuain, Fóram Úsáideoirí Bhá Bheanntraí agus Cumann Oileán Fhaoide.

Deis turasóireachta shuaithinseach atá ar fáil don réigiún nuair a chuirtear le chéile Inis Píc, An Cóbh, an *Titanic*, an *Lusitania* agus Dúnfoirt an Chuain. Tá an Port rannpháirteach go gníomhach sna tionscadail seo agus creidimid go bhfuil an taithí nua atá le tairiscint acu in ann cur le taithí lucht tráchta Chúrsála.

## **“Ráiteas Spéise” faoi Bheart Cúrsála:**

Tá an Port i mbun scrúdaithe maidir le pointí breise rochtana ar fud an Chuain agus tá sé ag obair le Comhairle Chontae Chorcaí chun beart nua a sholáthar i gCóbh ag Cé an Loingsigh chun rochtain a éascú láithreach d’Inis Píc agus do longa cúrsála san fhadtéarma. Chuige sin cuireadh tús le próiseas “Ráitis Spéise” do dhearadh, do thógáil, do mhaoiniú agus d’fheidhmiú an 2ú Beart Cúrsála i gCóbh i 2019. Bhí de thoradh air sin roinnt aighneachtaí a ndéanfar breithniú fúthu in am a bheidh níos oiriúnaí ó thaobh an gheilleagair de.





**Pictiúr 5:** Long chúrsála ag Beart Domhainuisce an Chóibh i 2019, le breis is 20 bus turasóireachta ann le paisinéirí a thabhairt ar chuariteanna ar tír chuig áiteanna éagsúla i gCathair Chorcaí, an Bhlearna, Cionn tSáile, Mainistir na Corann & Cill Airne srl.

Is í tuairim na Cuideachta go bhfuil neart poitéinsil ann do dheiseanna turasóireachta tráchtála i gCuan Chorcaí agus i gCuan Bheanntraí araon, a thacódh le fás an ghnó chúrsála atá ar siúl cheana agus le fás gnónna eile a bhaineann le cúrsaí turasóireachta. Leanann an Chuideachta uirthi de bheith ag cur i gcrích príomhról i gcothú stair shaibhir mhuirí, eisimirce agus trádála Chuan Chorcaí agus Chuan Bheanntraí.

Is Cuideachta neamhtrádála í Cuideachta Fhorbartha Mhuirí an Chóibh a bhfuil Comhairle Chontae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí agus CPC ar fad páirteach inti chun limistéar a fhorbairt i Stáisiún Iarnróid an Chóibh chun áiseanna breise agus cóiríocht taispeántais a thairiscint do thurasóirí agus do phaisinéirí cúrsála.

### **Straitéis Shó agus Chaitheamh Aimsire:**

Tá Straitéis Só agus Chaitheamh Aimsire an Phoirt, do Chuanta Chorcaí agus Bheanntraí, tar éis roinnt tionscnamh caitheamh aimsire mara a aithint a bheadh le forbairt tuilleadh. Cabhróidh cur i bhfeidhm na straitéise seo le tacú le foinse thábhachtach shuilt agus ghnóthachain eacnamaíoch do chónaitheoirí áitiúla agus do chuariteoirí araon.

Vótáiladh **Inis Píc** mar phríomhIonad Turasóireachta na hEorpa ag na Dámhachtainí mór-le-rá Taistil, *World Travel Awards*, i 2017. I Mí Feabhra 2019, d'fhaomhaigh Bord na Stiúrthóirí, le toiliú agus cabhair airgeadais ó Chomhairle Contae Chorcaí, soláthar agus suiteáil Phontúin agus Gheata Bhordála nua ag Cé JFK i gCóbh chun freastal a dhéanamh ar chuariteoirí go hInic Píc, go háirithe daoine le fadhbanna soghluaisteachta. Is é Cé JFK an príomhrochtain anois a úsáidtear do chuariteoirí go hInis Píc (táthar ag súil leis go sáróidh líon na gcuariteoirí 50,000), turasanna cuain, iascaireacht chaitheamh aimsire agus tráchtála agus rochtain an phobail ar an uisce

Leanann an Chuideachta uirthi, trína Polasaí Freagrachta Corparáidí Sóisialta, de bheith rannpháirteach go forleathan le gach páirtí leasmhar de chuid an Phoirt agus gach Grúpa Pobail Chuain agus í ag tacú leo: áirítear orthu sin Cuardach & Tarrtháil Daoine ar Iarraidh Chuan Chorcaí, Oiliúint Seoltóireachta Éireann agus forbairtí ag an Seanbhaile, Baile an Mhanaigh & Áth Fhada. D'éirigh go han-mhaith leis na tionscnaimh Bhunscoile i gCorcaigh agus i mBeanntraí le Scoileanna Náisiúnta atá lonnaithe i limistéir an Chuain

(*curtha siar i 2020, ar an drochuair*). Lean CPBB DAC uirthi de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí áitiúla só, caitheamh aimsire agus turasóireachta.

### **Easnamh an Chiste Phinsin le Sochar Sainithe:**

Feidhmíonn CPC scéimeanna pinsin le sochar sainithe d'fhostaithe a thosaigh leis an gCuideachta roimh 6 Márta 2006. Do na fostaithe sin a earcaíodh tar éis 6 Márta 2006, feidhmíonn an Chuideachta Scéim Phinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe.

Thaispeáin luacháil FRS102 easnamh de €5.35 milliún ag 31 Nollaig 2020 (2019: €7.4 milliún). Tá Comhaontú Maoinithe i bhfeidhm idir na hIontaobhaithe agus an Chuideachta, é faofa ag an Údarás Pinsean ar chlár chun an Ciste Pinsin a mhaoiniú faoi 2025.

Ag 31 Nollaig 2020, bhí sócmhainní scéimeanna Aoisliúntais CPC (maoinithe) go 92.5% ó na sochair a fabhraíodh do bhaill (1 Eanáir 2018, an Luacháil Achtúireach is déanaí: 87%). Déanfar lánluacháil Achtúireach i mbliana de réir ag 31 Nollaig 2020.

Tá sonraí iomlána faoi Scéimeanna Pinsin Chuideachta Phort Chorcaí-Luacháil Achtúireach agus Faisnéisithe FRS102 mar chuid de Nóta 21 do dhréachtRáitis Airgeadais Bhliantúla 2020.

### **BREATIMEACHT:**

Tá athbhreithniú rialta déanta ag CPC ar iarmhairt chineálacha éagsúla de Bhreathimeacht ar a cuid gníomhaíochtaí. Bíonn gníomhaíocht RóRó Phort Chorcaí ar siúl go díreach leis an AE, agus mar sin de ní théann an Bhreathimeacht i bhfeidhm ar an ngníomhaíocht sin. NÍOR chóir go rachadh Breathimeacht i bhfeidhm ar bhealaí LóLó ach an oiread ós rud é go bhfuil gnáthaimh imréitigh custaim leictreonacha in áit. Tá CPC ag obair go háitiúil & go náisiúnta le lucht Custaim agus leis na Ranna ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

Níl Ionad Iniúchta Rialaithe Theorann (IIRT) ag Port Chorcaí, inar féidir táirgí de bhunús ainmí / orgánach a chur i láthair lena dtabhairt isteach san Eoraip agus na seiceálacha riachtanacha á ndéanamh orthu. Is féidir le Port Chorcaí feidhmiú mar áis mhalartach, theagmhais agus 'fharasbairr', dá n-eascródh deacrachtaí agus plódú ag poirt eile, má cheadaítear IIRT do Chorcaigh.

### **Tosaíochtaí Láithreacha:**

Seo a leanas tosaíochtaí láithreacha CPC, *agus muid ag déileáil le COVID-19 faoi láthair:*

- Athfhorbairt Rinn an Scidigh a thabhairt chun críche agus oibríochtaí Poirt a aistriú ón abhainn chun na farraige;
- Cinntiú go leanann CPC ar a aistear claochlaitheach chun ioncam a uasmhéadú agus díriú ar laghdú costas i dtimpeallacht eacnamaíoch atá fiordhúshlánach;
- Béim a chur ar éifeachtacht seirbhíse do gach custaiméir;
- Leanúint orainn de bheith ag aithint agus ag pleanáil do na dúshlán & na deiseanna a bhaineann le Breathimeacht;
- Leanúint ar aghaidh le forbairt tailte Tivoli;
- Scairsheilbh mhóraithe a fháil i CFMB agus leanúint orainn de bheith ag forbairt Phointe Marino, agus
- Leanúint orainn de bheith ag fás an ghnó ar mhaithe le deisceart na hÉireann

agus ar mhaithe leis an Stát, trí chur chun cinn na turasóireachta, an taighde mhara agus an leathnaithe thionsclaíoch.

### **Ballraíocht an Bhoird:**

D'iarrfainn ar an Aire Iompair féachaint chuige go mbíonn líon iomlán de ochtar Stiúrthóirí ag Bord na Stiúrthóirí arís chomh luath agus is féidir, ós rud é go bhfuil CPC i gcéim rithábhachtach athfhorbartha faoi láthair le dualgais shuntasacha nua airgeadais. Cuireadh deireadh le post an Chathaoirligh ar 26 Feabhra 2021 agus faoi láthair tá mé féin ag feidhmiú mar Chathaoirleach eatramhach. Tháinig deireadh le téarma oifige Stiúrthóra amháin eile freisin ar 4 Feabhra 2021, rud a fhágann san iomlán dhá fholúntas ar an mBord faoi láthair.

### **Earcú POF:**

Thosaigh Eoin McGettigan mar POF Chuideachta Phort Chorcaí ar 1 Deireadh Fómhair 2020, tar éis dul ar scor Bhrendan Keating ar 31 Lúnasa 2020. Ba mhaith liom gach rath a ghuí ar Eoin le linn a théarma mar POF CPC.

### **Buíochas:**

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Eamonn Ryan, T.D. An tAire Iompar agus freisin An tAire um Ghníomhaíocht Aeráide & Líonraí Cumarsáide agus leis an Aire Hildegard Naughton T.D., Aire Stáit ag an Roinn um Ghníomhaíocht Aeráide & Iompair, as a gcuid tacaíochta, cabhrach agus comhairle ar bhonn leanúnach. Tugaim aitheantas don tslí thiomanta ina mbíonn an fhoireann ar fad ag an Roinn Iompair ag plé le CPC.

Teastóidh tacaíocht leanúnach an Aire agus na Roinne Iompair ó CPC an bhliain seo chugainn, le linn na tréimhse is claochlaithí i stair Phort Chorcaí, agus é ag aistriú ó Phort Abhann go Port Mara. Cuirfidh an talamh a chuirtear ar fáil ag an aistriú seo ar chumas Chathair Chorcaí aghaidh a thabhairt ar thodhchaí chorraitheach ó thaobh tráchtála agus na cathrach de, trí cheadú fhorbairt na nDuganna agus Tivoli.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, Eoin McGettigan, (*agus leis an iarPOF Brendan Keating*), leis na bainisteoirí agus leis na fostaithe ar fad as a bheith tiomanta agus ag cur go leanúnach leis an gcuideachta le linn 2020.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na Stiúrthóirí eile, as a dtiomantas do ghnóthaí na Cuideachta is a spéis acu iontu, in éineacht lena dtacaíocht agus a ndíograis dhílis maidir le freastal ar chruinnithe boird, coiste, fochuideachta, iontaobhaithe agus ar imeachtaí cuideachta eile nach iad.

**Barry Synott,  
Cathaoirleach Eatramhach,  
Bealtaine 2021**


## Port of Cork Company Chief Executive’s Report to 2021 AGM

### Introduction:

The Port of Cork Company (PoCC) financial performance for the year ended 31 December 2020 was lower than 2019 but ahead of expectations set early in the year when the COVID-19 pandemic first hit. In 2020, the Ports of Cork and Bantry reported a total consolidated traffic throughput of 10.5 million tonnes (2019: 10.1 million). This trade performance is analysed in detail in Tables 1 & 2 below. The 2020 cruise line season was essentially cancelled and there was a large reduction in RoRo tourist traffic. However, the number of Container TEU’s increased by 4% to a record 250,209 TEU (2019: 240,186 TEU’s) due to the commencement of two new services in Ringaskiddy, and while throughput, at Whitegate Oil Refinery decreased slightly to 4.6 million tonnes (2019: 4.7 million tonnes), oil traffic in Bantry increased significantly.

**Table 1: Ports of Cork & Bantry Consolidated Trade (Metric tonnes)**

Port	2020	2019	DIFF	%
Cork	9,218,469	9,366,091	(147,621)	(2%)
Bantry	1,317,593	728,424	589,169	81%
<b>Consolidated</b>	<b>10,536,063</b>	<b>10,094,515</b>	<b>441,548</b>	<b>4%</b>



Consolidated Turnover amounted to €33.7m (2019: €37.7m), and was €4m below 2019. Cost containment efforts and reduced borrowing costs together with modest government supports early in the year meant that not all this loss in income fell to the bottom line. The consolidated operating profit for the year amounted to €6.1m (2019: €7.3m). The profit on ordinary activities before taxation amounted to €5.3m (2019: 6.9m) and after deducting taxation, profit for the financial year attributable to the equity shareholders of the Company amounted to €4.6m (2019: €6m).



The Consolidated EBITDA amounted to €9.9m (2019: €11m) well ahead of the banking covenant threshold of €6.5m.

This was a very credible performance by the organisation in difficult circumstances. We will need to build on this for the next few years as we are in a marathon and not a sprint. I expect the Company will need to generate a sustainable annual EBITDA of €12m in order to finance and repay existing loans and generate enough cash to replace our operating assets. The Corporate Plan sets out the initial steps required to achieve this.

**Consolidation:**

Port of Cork Company Consolidated Financial Statements were produced as at 31 December 2020 incorporating its' subsidiaries Aniram MDA DAC, Bantry Bay Port Company DAC, Cork Port Terminals Services DAC and it's associated company Belvelly Marino Development Company DAC (BMDC). Cork Port Terminals Services DAC (CPTSL) is the subsidiary with responsibility for Lift on Lift off and Roll on Roll off stevedoring and Aniram MDA Limited is the 100% owner of the ADM Jetty. CPTSL continues to demonstrate an ability to successfully and profitably operate LoLo and RoRo stevedoring services in the Port.

**Belvelly Marino Development Company:**

PoCC has a 40% shareholding in BMDC with the majority 60% shareholder being Lanber. The investments in this Company were used to acquire over 100 acres at Marino Point, including 60 useable acres on both freehold and foreshore leasehold, alongside an existing deepwater rail connected jetty. It is envisaged that this site will become an integral part of the PoCC infrastructure into the future and PoCC is now focussed to control areas of the site required for port operations.

**Covid 19 and Dividend 2020**

The stated policy of the Board of the Port of Cork Company is to support the Shareholder and pay an annual dividend. In making a declaration of an annual dividend, the Board takes into account the capital expenditure programme and pension deficit facing the Company.

The Port of Cork Company is currently carrying out the Ringaskiddy Re-development Contract estimated to cost €87 million with an agreed funding structure in place with the EIB, AIB and ISIF. To the 31<sup>st</sup> December 2020 the Company drew down €30m from EIB and €10 million from AIB. A further €5m was drawn down in January 2021 and €10m in May 2021 from AIB. The Company is therefore now in a net borrowing situation and heavily geared.

In 2021, PoCC has budgeted for revenue of €31.5m with profits of €4.4m on an asset base of €160m or less than 3% ROI. Despite the significant risks associated with the Covid 19 pandemic in 2020 continuing into 2021, the Port has succeeded in maintaining operations consistent with the port's status as an essential service. In the current circumstances the Port of Cork Company is proposing the deferral of the payment of a dividend in 2021.

### **Strategic Planning of Port Infrastructure:**

The Port of Cork Company is currently engaged in the Ringaskiddy Port Redevelopment project in the lower harbour which will future-proof the Port of Cork Company as an international gateway for trade. The full development involves the construction of new container handling facilities in Ringaskiddy, followed by an extension to the existing deep-water berth in due course. The capability of accommodating larger vessels is of utmost importance if the Port of Cork Company is to remain competitive and continue to meet the needs of port customers, while at the same time matching the economic developmental needs of the Irish Economy.

The first phase of the Ringaskiddy development includes an Optimised 360m Berth, a new Container terminal, two ship-to-shore cranes, with a Straddle Carrier Operating System and the attached necessary maintenance buildings. This will cost circa €87 million in the three-year period ending 2021 with funding secured as noted above, from EIB, AIB and ISIF, (the Ireland Strategic Investment Fund) along with (CEF) Continuing Europe Facility grant aid and Company resources. BAM are continuing with the infrastructure works in Ringaskiddy, two new straddle carriers were delivered by Konecranes, six second-hand straddle carriers were delivered from the Port of Marseille, France and two ship to shore cranes were delivered from Liebherr during 2020.

The Port of Cork Company has continued to engage with the residents of Cork harbour in relation to the Ringaskiddy development. The Ringaskiddy development includes the construction of a new and improved slipway and amenity area at Paddy's Point. This impressive facility opened to the public in 2019 and the PoCC will also make a €1 million contribution to a Ringaskiddy Village community gain initiative which is designed to enhance the amenities in the village.

The Ringaskiddy Port re-development project is endorsed by the Government's National Ports Policy which identified the Port of Cork as a Tier 1 port of national significance. It also has EU recognition by designation as an EU Core Port currently on the North Sea Mediterranean Corridor. The completion of the new container terminal has been delayed but should be operational by the 4th quarter of 2021.

In 2020, the Company maintained its on-going commitment to Capital Investment by making additions to Fixed Assets of €31.3m. The Port of Cork Company has invested €211 million in new assets, in the twenty-four-year period since incorporation in 1997.

### **The Port of Cork Company Economic Challenge:**

The Port faces significant cashflow challenges in the immediate future. As noted above, to finance the Ringaskiddy Re-development the Company is drawing down loans from EIB and AIB. These loans will require annual repayments of interest and capital each year of circa. €4.6m per annum over the next 5 years, alongside the requirement to replace cargo handling equipment. The servicing of this debt burden is the critical issue facing the Company which can only be addressed by continuing to improve efficiencies, by reviewing our asset base, by adding value to our services and gaining new business.

**Brexit / BCIP:**

PoCC have seen demand for new routes to continental Europe, some of which are already up and running. It is a weakness in our offering that we have no BCIP. We have submitted a business plan in this regard to the Departments of Transport and Agriculture.

**Port of Cork Company Business Plan 2021 – 2025:**

The Port of Cork Company Corporate Business Plan 2021 – 2025 was submitted to the Board of Directors in March 2021 and sent to the Department of Transport in draft on the 7th April. The plan sets out challenging targets to be met and standards to be achieved. The main developments in the Plan 2021 – 2025 in comparison to previous Corporate Plans are (i) the reduction in income due to COVID-19, (ii) delayed opening of CCT, (iii) greater focus on cost control and efficiency taking into account the financial challenge now faced by the Company, (iv) increasing capital expenditure on infrastructure and equipment considering the reduced CAPEX in recent years to replace ageing equipment' (v) identifying new income streams, and (vi) divesting from inefficient or low return activities. Management are committed to using activity based costing and contribution analysis as tools to identify business sectors to invest in further or to improve or divest.

**Continuous Improvement Framework - EFQM:**

There is always a challenge to connect strategy, the corporate plan, annual budgets, and day to day activity. The SMT have identified a framework, the EFQM (European Foundation for Quality Management), that can be deployed to aid this connection. The framework essentially describes a way that the Company can outline what it is setting out to achieve and then measure performance in a structured way to adapt what the Company is doing, or Company objectives, in accordance with measured outcomes. EFQM was designed 25 years ago and is now being used by over 30,000 EU business such as BMW, Bosch, ESB and many others. Its generic nature allows it to be used in business as varied as hospitals to car manufacturing. The model's mechanic involves self-assessment, followed by corrective actions. EFQM is described in detail the Corporate Plan.

In order to take the EFQM continuous improvement framework forward, a focussed middle-management three person cross functional team has been formed who will drive EFQM delivery throughout the organisation. This team will initially draw up an implementation plan for approval together with a resource requirement assessment.

**Environment:**

Sustaining the quality of the environment in Cork Harbour, particularly in areas which have the potential to be affected or influenced by Port Operations remains a priority for the Company. We are committed to the highest standards of environmental management through the implementation of our environmental management programme, operated to global best practices and standards consistent with the renewed ISO14001 and Eco Ports foundation accreditation.

## Corporate Social Responsibility

The Port of Cork Company Corporate Social Responsibility (CSR) policy aims to align the Company's values and behaviour with the expectations and needs of its stakeholders and the community. This CSR Policy commits the Company to:

- engage with stakeholders,
- comply with all legislation including Health & Safety and Environmental legislation,
- enhance the international reputation of Cork Harbour as a unique natural amenity suitable for sustainable commercial development alongside leisure activities,
- provide best practice labour standards and employee welfare, and
- embrace new technologies and management systems to minimise the Port of Cork Company's carbon footprint.

While the Company CSR was interrupted in 2020 due to Covid, the Company is committed to being involved in a number of local community-based projects around Cork Harbour and continues to support key marine leisure events. As part of its commitment to marine tourism/leisure, the Port of Cork Company facilitates an annual schools project competition, the public use of the Millennium Garden in Tivoli, Hugh Coveney Pier in Crosshaven and the playground developed on port lands in Ringaskiddy.

The Ringaskiddy Port Redevelopment project has provided significant improvements in Ringaskiddy at Paddy's Point east of Ringaskiddy Village along with a €1 million contribution to the Ringaskiddy Village community gain initiative which is being designed and arranged by Cork County Council and expected to be implemented in Q4, 2021.

### **Tourism:**

In 2019, a total of 100 cruise liners called to Cork carrying in excess of 200,000 passengers and crew to visit the region. Another 100 liners were scheduled to call to Cork in 2020. Progress was also made with Cruise Line calls to Bantry with 10 calls in 2019 and 15 vessels scheduled to call in 2020. **Unfortunately, in 2020 essentially all liner calls were cancelled due to the impact of Covid 19 and currently no liners are expected in 2021.** The Company will again focus on developing the cruise industry in Cork Harbour when Covid 19 is under control and Cruise Liners are again allowed to visit Irish Ports.

### **Employees and Communication**

The Port of Cork Company is committed to developing and harnessing the skills and knowledge of its employees in the achievement of Company goals. Specific actions are being taken to improve communications, industrial relations, employee engagement and development, along with management systems. Training and development continues to be proactive in response to the ever improving customer orientated services within the company.



I recorded a short video which was made available to staff to view on the Connect app. This is a substitute for having interactive ‘town hall’ type gatherings which have had to be cancelled due to C19. The overall communication framework in the organisation continues to be enhanced and improved through the use of technology.

### **Safety, Health and Welfare**

With the support of all employees the Company operates a rigorous health and safety regime. This policy is based on the requirements of employment legislation and health and safety standards, including the requirements contained in the Safety, Health and Welfare at Work Acts. The achievement of the Health & Safety OHSAS 18001 accreditation has made the Company improve awareness levels throughout the Port. This standard is recognised as the international benchmark for best practice in Occupational Health & Safety and was awarded in recognition of the high standards of safety practice and awareness in the Port of Cork Company.

During 2020, **Covid 19** presented a significant challenge as the port was designated an essential service by Government. The Company managed its Covid Risk with diligent and well understood protocols throughout the organisation and continued to supply the services required by every vessel. Port office employees are scheduled to continue to work from home until September 2021 and the Company submitted a list of roles we consider should be prioritised for vaccinations.

The Company has a strong view that all operations of the Port must be carried out in a safe and efficient manner. During 2020, the Health and Safety Awareness Campaign continued in person and remotely and all employees participated in safety awareness training. The Company also has an Employee Well Being programme which includes a comprehensive Employee Assistance Programme, biennial voluntary health screenings, health surveillance, nutrition and health education awareness programmes.

### **Operational Risk Management – International Code for Safety and Environmental Management in Ports (IPSEM):**

The Port of Cork Company certificate of compliance under the IPSEM code by the international organisation Bureau Veritas was renewed in 2020. IPSEM is a code of practice and certification scheme which covers safety and environmental management of operations and maintenance of all port facilities. It provides the Company with a powerful tool to improve port operating systems, safety and environmental protection.

### **Strategic Risk Management:**

During 2020 and in early 2021, the Port of Cork Company updated its strategic risk management assessment and based on this analysis, the key risks facing the Company were identified. Strategic Risk Management continues to be a priority in the management and development of the Port of Cork Company. In addition to regular external and internal audit reviews, the company is committed to health and safety, environmental, IPSEM, Port Security and other accreditations. The company continually reviews procedures to ensure that robust management processes are in place for the management and control of risk.

**Acknowledgements:**

With the direction and support of the Chairman and Board of Directors and the continued commitment, dedication and professionalism of the staff, the Port of Cork Company is committed to meeting the many challenges it faces in the future and to providing an excellent service to our customers.

I wish to thank the Interim Chairman, Mr. Barry Synott and former Chairman Mr. John Mullins and all the Directors for their support and guidance. I wish to thank all the staff of the Department of Transport under Minister Eamonn Ryan T.D., Minister Hildegard Naughton T.D and the Secretary General, for their continued assistance. I would like to express my thanks to our many customers for their continued investment in and support of the Port of Cork Company.

Finally, I would sincerely like to thank the management and all the staff for their commitment and dedication to the Company ensuring that an acceptable performance was returned by the Company during a challenging year. I am confident that with a commitment to the business, the Company can face its' many challenges, including the current Covid 19 challenge, with confidence and look forward to continued success in the future.


**Eoin McGettigan**  
**Chief Executive**

## Tuarascáil POF Chuideachta Phort Chorcaí don CGB

### Intreoir:

Bhí feidhmíocht airgeadais Chuideachta Phort Chorcaí (CPC) don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2020 níos ísle ná 2019 ach bhí sé chun tosaigh ar a rabhtas ag súil leis go luath sa bhliain nuair a thosaigh paidéim COVID-19. I 2020, thuiriscigh Poirt Chorcaí agus Bheantraí tréchur iomlán tráchta chomhdhlúthaithe de 10.5 milliún tonna (2019: 10.1 milliún). Déantar anailís ar an bhfeidhmíocht trádála seo go mionsonraithe i dTáblaí 1 & 2 thíos. Cuireadh séasúr long crúsála 2020 ar ceal, go bunúsach, agus laghdáíodh trácht turasóireachta Róró go mór. Méadaíodh líon na gcoimeádán TEU faoi 4%, áfach, go dtí an leibhéal is airde riamh, 250,209 TEU (2019: 240,186 TEU), mar gheall ar thosú dhá sheirbhís nua i Rinn an Scidigh, agus cé go ndeachaigh an tréchur ag Scaglann Ola an Gheata Bháin i laghad pas beag go 4.6 milliún tonna (2019: 4.7 milliún tonna), chuaigh an trácht ola i mBeantraí i méid go suntasach.

Port	2020	2019	DIFF	%
Cork	9,218,469	9,366,091	(147,621)	(2%)
Bantry	1,317,593	728,424	589,169	81%
Consolidated	10,536,063	10,094,515	441,548	4%



Ba é luach an Láimhdeachais Chomhdhlúthaithe ná €33.7m (2019: €37.7m), sin €4m níos lú ná 2019. Mar gheall ar iarrachtaí um chostais a shrianadh agus costais laghdaithe iasachtaíochta chomh maith le tacaí measartha rialtais go luath sa bhliain ní dheachaigh an cailteanas ioncaim seo ar fad chun na bunlíne. Ba é an brabús oibriúcháin comhdhlúthaithe don bhliain ná €6.1m (2019: €7.3m). Ba é an brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas ná €5.3m (2019: 6.9m) agus tar éis an cánachas a bhaint, ba é an brabús don bhliain airgeadais inchurtha i leith scairshealbhóirí chaipiteal gnáthscaireanna na Cuideachta ná €4.6m (2019: €6m).

Ba é an EBITDA comhdhlúthaithe ná €9.9m (2019: €11m), i bhfad chun tosaigh ar an tairseach cúnaint bhaincéireachta de €6.5m.

D'éirigh go measartha maith leis an eagraíocht, mar sin de, faoi chúinsí deacra. Beidh orainn tógáil air seo ar feadh cúpla bliain, ós rud é gur maratón seachas rás ráibe é seo. Tá mé ag súil leis go mbeidh ar an gCuideachta EBITDA inbhuanaithe bliantúil a ghiniúint ar luach €12m chun iasachtaí reatha a mhaoiniú agus a aisíoc agus dóthain airgid a ghiniúint chun ár gcuid sócmhainní oibriúcháin a athsholáthar. Leagann an Plean Corparáideach amach na céimeanna tosaigh a theastaíonn chun sin a bhaint amach.

### **Comhdhlúthú:**

Táirgeadh Ráitis Airgeadais Chomhdhlúthaithe Chuideachta Phort Chorcaí ag 31 Nollaig 2020, ag ionchorprú a cuid fochuideachtaí Aniram MDA DAC, Cuideachta Phort Bhá Bheantraí DAC, Seirbhísí Chríochfoirt Chorcaí DAC agus a fhochuideachta Cuideachta Fhorbartha Mhuiríne Belvelly DAC (CFMB). Is é Seirbhísí Chríochfoirt Chorcaí DAC (SCC) an fhochuideachta le freagracht do sheirbhísí stíbheadóireachta LóLó agus RóRó, agus is é Aniram MDA Teo. úinéir 100% Ché ADM. Léiríonn CPTSL cumas i gcónaí seirbhísí stíbheadóireachta LóLó agus RóRó a fheidhmiú go brabúsach sa Phort.

### **Cuideachta Fhorbartha Mharino Belvelly:**

Tá scairsheilbh 40% ag CPC i CFMB; is ag Lanber atá an scairsheilbh is mó, 60%. Úsáideadh na hinfheistíochtaí sa Chuideachta seo chun breis is 100 acra a fháil ag Pointe Marino, 60 acra inúsáidte san áireamh ar léasacht shaorsheilbhe agus urthrá araon san áireamh, in éineacht le cé domhainuisce atá ann cheana is a bhfuil nascacht iarnróid aige. Meastar go mbeidh an láithreán seo mar dhlúthchuid d'infrastruchtúr CPC amach anseo, agus go bhfuil CPC dírithe anois ar smacht a bheith aici ar limistéir den láithreán a theastaíonn d'oibriúcháin phoirt.

### **Covid 19 agus Díbhinn 2020**

Is é polasaí sonrathite Bhord Chuideachta Phort Chorcaí ná tacú leis an Scairshealbhóir agus díbhinn bhliantúil a íoc. Agus é ag tabhairt dearbhaithe maidir le díbhinn bhliantúil, cuireann an Bord san áireamh an clár caiteachais chaipitil agus an t-easnamh pinsin atá os comhair na Cuideachta.

Faoi láthair tá Cuideachta Phort Chorcaí i mbun Conradh Athfhorbartha Rinn an Scidigh a chur i gcrích, a bhfuil sé measta go mbeidh costas €87 mhilliún air le struchtúr maoinithe comhaontaithe i bhfeidhm leis an BEI, AIB agus CISÉ. Tharraing an Chuideachta, suas go 31 Nollaig 2020, anuas €30m ó BEI, agus €10m ó AIB. Tarraingíodh anuas €5m breise i Mí Eanáir 2021 agus €10m i Mí na Bealtaine 2021 ó AIB. Tá an Chuideachta i nglansuíomh iasachtaíochta anois, agus í gearáilte go mór.

I 2021 bhuiséadaigh CPC d'ioncam €31.5m le brabús €4.4m ar bhonn sócmhainní de €160m nó níos lú ná 3% TAI. In ainneoin na rioscaí suntasacha a bhaineann le paidéim COVID 19 i 2020, ag dul ar aghaidh go 2021, d'éirigh leis an bPort oibriúcháin a choimeád comhsheasmach le stádas an phoirt mar sheirbhís riachtanach. Faoi chúinsí reatha tá Cuideachta Phort Chorcaí ag moladh go gcuirfí siar íocaíocht díbhinne i 2021.

### **Pleanáil Straitéiseach Infrastruchtúir Phoirt:**

Faoi láthair tá Cuideachta Phort Chorcaí ag tabhairt faoi thionscadal Athfhorbartha Phort Rinn an Scidigh sa chuan íochtarach a fhágfaidh go seasfaidh CPC an aimsir mar thairseach idirnáisiúnta don trádáil. Tá i gceist leis an bhforbairt iomlán tógáil áiseanna nua láimhseála coimeádáin i Rinn an Scidigh, agus ina dhiaidh sin síneadh leis an mbeart domhainuisce ar ann dó cheana féin in am

agus i dtráth. Tá sé ríthábhachtach go mbeimis in ann freastal a dhéanamh ar shoithí níos mó má tá Cuideachta Phort Chorcaí le fanacht iomaíoch agus má tá sí le leanúint uirthi ag déanamh freastail ar riachtanais ár gcuid custaiméirí, agus ag an am céanna bheith in ann ag riachtanais fhorbartha eacnamaíocha Gheilleagar na hÉireann.

There are ongoing conciliation proceedings between the Company and one of its contractors regarding claims and counter-claims in connection with an ongoing construction project. The Company disputes the validity of any claims by the contractor. While it is not practicable at this time to estimate the potential financial impact, if any, of such claims, the directors, having taken appropriate advice, do not believe that an outflow of economic benefits is probable.

**(25) Related Party Transactions:**

In common with many other entities, Port of Cork Company deals in the normal course of business with Government entities, Local Authorities: Cork City Council and Cork County Council, and other state owned companies on an arm's length basis. Noel Cregan, Director (resigned 3/9/2020, reappointed 26/02/2021) is also a director of ADT Ireland Limited which provides services to the group. The total value so provided in 2020 was €95,305 (2019: €82,992).

# ***CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ***

## ***STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE***

### **Bord na Stiúirthóirí:**

Finbarr Synnott (*Cathaoirleach Eatramhach*),  
Eoin McGettigan (*Príomhfheidhmeannach*),  
David Browne,  
Noel Cregan,  
Gillian Keating,  
Philip Smith.

### **Foireann Bhainistíochta:**

Eoin McGettigan (*Príomhfheidhmeannach*),  
Donal Crowley (*Leasphríomhfheidhmeannach*,  
*Príomhoifigeach Airgeadais & Rúnaí*  
*Cuideachta*),  
An Capt. Paul O'Regan (*Máistir an Chuain &*  
*Ceannasaí Oibríochtaí*),  
Conor Mowlds (*An Príomhoifigeach*  
*Tráchtála*),  
Henry Kingston (*Bainisteoir Innealtóireachta*  
*Poirt*),  
Peter O'Shaughnessy (*Ceannasaí na*  
*nAcmhainní Daonna*).

### **Oifig Chláraithe & Seoladh Gnó:**

Cuideachta Phort Chorcaí,  
Rannóg Airgeadais,  
Foirgneamh Críochfoirt Tivoli,  
Duga Tivoli & Eastát Tionsclaíoch,  
Corcaigh T23 YNT9.

### **Dlíodóirí:**

JW O'Donovan,  
53 An Meal Theas,  
Corcaigh.

Philip Lee,  
7/8 Ardán Wilton,  
BÁC 2.

Coakley Moloney,  
49 An Meal Theas,  
Corcaigh.

### **Baincéirí:**

Bainc Aontais na hÉireann cpt.,  
66 An Meal Theas,  
Corcaigh.

Banc KBC Éire, cpt.,  
4 Cé an Lapaigh,  
Corcaigh.

Banc na hÉireann,  
2<sup>ú</sup> hUrlár,  
Plaza Bhagóid,  
27-33 Sráid Bhagóid Uacht.,  
BÁC 4.

An Banc Eorpach Infheistíochta,  
100 Blvd Konrad Adenauer,  
Lucsamburg L-2950.

### **Iníúcháir:**

Deloitte Ireland CDT,  
Cuntasóirí Cairte & Comhlacht Iníúchta Reachtuil,  
Uimh. 6 Cé an Lapaigh,  
Corcaigh.

### **Achtúirí:**

Mercer Teoranta,  
23/25 An tArdán Theas,  
Corcaigh.



# **CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ**

## **TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ**

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair agus ráitis airgeadais iniúchta chomhdhlúite an ghrúpa don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020. Tá fochuideachtaí na cuideachta agus a cuideachta chomhlachaithe liostáilte i nóta 13.

### **Príomhghníomhaíochtaí**

Tá an chuideachta tiomanta do sholáthar, ar bhonn iontaofa tráchtála, áiseanna, seirbhísí, cóiríocht agus tailte Poirt atá sábháilte, éifeachtúil & éifeachtach ó thaobh costais de ina cuan, agus a dhéanann freastal ar riachtanais a cuid custaiméirí.

### **Torthaí agus Díbhinní**

	€
Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas	5,284,763
Cánachas	<u>(611,154)</u>
Brabús don Bhliain Airgeadais	<u>4,673,609</u>

### **Athbhreithniú ar an nGnó**

Leagtar amach sonraí an bhrabúis don bhliain airgeadais, in éineacht le figiúirí comparáideacha do 2020 sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim ar leathanach 16 agus sna nótaí gaolmhara.

Ba é méid an tréchuir ná 10.5 milliún tonna i 2020 (2019: 10.1 milliún tonna).

Ba é luach an ioncaim iomlán do 2020 ná €33.75 milliún, laghdú 10.38% le hais 2019 (€37.66 milliún), de dheasca, go díreach, dhúshláin Covid 19 agus cur ar ceal chuariteanna long crúsála agus laghdú mór i dtrácht turasoíreachta RóRó. Chuaigh an brabús oibriúcháin i laghad faoi 16.30% go €6.11 milliún ó €7.3 milliún i 2019. Ba é an Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas ná €5.3 milliún i 2020 le hais €6.9 milliún i 2019, sin laghdú 23%.

### **Athfhorbairt an Phoirt ag Rinn an Scidigh**

Deonadh cead pleanála ar an gCuideachta d'athfhorbairtí infrastruchtúir chriticiúil ag Rinn an Scidigh a meastar costas de €87 milliún a bheith ag baint leo ag An mBord Pleanála i 2017.

Táthar ag súil leis go mbeidh Céim 1 d'Athfhorbairt Phoirt Rinn an Scidigh i bhfeidhm i 2021. Éascóidh an tionscadal iomlán, ar bhonn céimnithe, Port Chorcaí agus é ag aistriú gníomhaíochtaí láimhseála lastais ó Tivoli agus ó Chéanna na Cathrach in am agus i dtráth.

### **Scéimeanna Pinsin Chuideachta Phort Chorcaí – Luacháil Achtúireach**

Feidhmíonn Cuideachta Phort Chorcaí scéimeanna pinsin sochair shainmhínithe. Cuireadh i gcrích luacháil achtúireach iomlán is déanaí Scéimeanna Pinsin na Cuideachta ar 1 Eanáir 2018 ag Mercer Teoranta, Achtúirí agus Sainchomhairleoirí, ag úsáid luacháil chaighdeánach íosmhaoinithe na ndliteanas. Ag dáta na luachála achtúirí ba é luach margaidh shócmhainní scéimeanna Aoisliúntais Chuideachta Phort Chorcaí ná €46.62 milliún, agus léirigh luacháil achtúireach na sócmhainní sin gurbh é luach achtúireach na sócmhainní sin ná 87% de na sochair a fabhraíodh ag bail.

*Ar lean. ar an gcéad leathanach eile /*

# **CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ**

*/ Ar lean. ón leathanach roimhe seo*

## **TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ**

### **Sochar Scoir**

Tá easnamh Ciste Pinsin ag an gcuideachta de €5.4 milliún ag 31 Nollaig 2020, faoi mar a éilítear ag FRS102, i gcomparáid le heasnamh ar luach €7.4 milliún ag 31 Nollaig 2019. Tar éis tuairim dhlíthiúil a fháil, measann an chuideachta é a bheith stuama soláthar a dhéanamh do Scéimeanna Pinsin Údaráis Phiólótaíochta Phort Chorcaí. Dá bharr sin, tá an dliteanas a eascraíonn mínithe ag 31 Nollaig, 2020. Mínítear iarmhairt FRS 102 maidir le pinsin ar bhealach mionsonraithe i nóta 21 na ráiteas airgeadais.

### **Forbairtí sa Todhchaí**

Is é cuspóir láithreach na cuideachta ná leanúint air de bheith ag feidhmiú mar chuideachta thráchtála faoi úinéireacht an Stáit. Tá seo á chur i gcrích trí chur i bhfeidhm na struchtúr agus na nósanna imeachta cearta, sa tslí go soláthrófar bonn daingean a dhéanfaidh na rudaí seo a leanas:

- (a) cinnteoidh sé go leanfar ar aghaidh leis na hardchaighdeáin sábháilteachta agus rialála a sholáthraítear do longa a bhíonn ag feidhmiú i gCuan Chorcaí,
- (b) cinnteoidh sé go gcuirtear gach beart cuí i gcrích do bhainistiú, do rialú, d'fheidhmiú agus d'fhorbairt a cuain agus na gcainéal isteach chuige,
- (c) spreagfaidh sé infheistíocht ina cuan,
- (d) ceadóidh sé forbairt ghníomhaíochtaí brabúsacha, coimhdeacha, tráchtála faoi na croighníomhaíochtaí,
- (e) cinnteoidh sé go mbaintear úsáid as agus go mbainistítear na hacmhainní atá ar fáil ag an gcuideachta ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí na cuideachta.

### **Príomhrioscaí agus Príomhneamhchinnteachtaí**

Le linn 2020 chuir Cuideachta Phort Chorcaí i gcrích measúnú riosca. Rinneadh beartú tosaíochta ag úsáid Scór Iomlán Riosca (SIR) a chinntítear mar thoradh ar na scóir iarmhairte agus dhóchúlachta. Bunaithe ar an anailís seo, sainaithníodh na príomhrioscaí atá os comhair na Cuideachta.

Measann an Bord gurb é paindéim Covid 19 an riosca suntasach is tábhachtaí i 2020 agus 2021; dá bharr sin rinneadh bearta réasúnta chun a thionchar a laghdú.

### **Eochairtháscairí Feidhmíochta (ETF)**

Tá an chuideachta dírithe ar thorthaí agus ullmhaíonn sí buiséad bliantúil agus plean gnó corparáideach don chéad chúig bliana airgeadais eile. Tomhaistear feidhmíocht iarbhir le hais buiséid. Is iad na príomhETF a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas ná tréchur, ioncam, costais dhíreacha, ioncam neamhoibríochtúil, forchostais roinne, brabús roimh cháin agus sreabhadh airgid.

Is ann do raon leathan ETF freisin, a úsáidtear laistigh den eagraíocht, agus a ndéantar anailís orthu de réir roinne agus duine fhreagraigh. Lena sheal déantar monatóireacht ar na ETF seo agus tuairiscítear fúthu le cinntiú go mbaintear amach spriocanna ETF.

### **Cúrsaí Timpeallachta**

Tá Cuideachta Phort Chorcaí tiomanta do na caighdeáin is fearr i gcláir bhainistithe thimpeallachta agus tá sí creidiúnaithe faoi ISO14001 agus faoi fhondúireacht ECOPORTS.

### **Fuinneamh**

Tá Cuideachta Phort Chorcaí tiomanta d'fheidhmiú de réir na gcaighdeán éifeachtachta fuinnimh is airde is féidir agus fuair sí deimhniúchán na gCaighdeán Bainistithe Fhuinnimh ISO 50001:2018 i 2019.

Tá comhaontú Comhpháirtíochta sínithe ag Port Chorcaí le SEAI, agus tuairiscíonn sé ar bhonn bliantúil faoi úsáid fhuinnimh agus faoi ghníomhartha chun tomhaltas fuinnimh a laghdú de réir I.R. 542 ó 2009, ionstraim a chuireann iachall ar eagraíochtaí earnála poiblí feabhas a chur ar fheidhmíocht fhuinnimh faoi 33% faoi 2020.

*Ar lean. ar an gcéad leathanach eile /*

# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

/ Ar lean. ón leathanach roimhe seo

## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

### Scairshealbhóirí

Ag 31 Nollaig 2020, bhí an Scairchaipiteal ar fad i seilbh go tairbheach an Aire Iompair, seachas scair amháin a bhí i seilbh an Aire Chaiteachais Phoiblí & Athchóirithe, faoi Alt 9 (2) Ionstraim Reachtúil 842 ó 2005, ón Ordú um Iompar, Sábháilteacht & Slándáil Mhuirí (Aistriú Riaracháin Roinne agus Feidhmeanna Aire) 2005.

### Stiúrthóirí agus Rúnaí

Ceapadh Eoin McGettigan (POF) mar Stiúrthóir le feidhm ó 1 Deireadh Fómhair 2020 in áit Brendan Keating, a d'éirigh as mar POF ar 31 Lúnasa 2020. Ceapadh Gillian Keating do théarma 5 bliana le feidhm ó 14 Deireadh Fómhair 2020.

D'éirigh Helen Boyle as mar stiúrthóir ar 29 Eanáir 2020, nuair a ceapadh ina Breitheamh sa Chúirt Chuarda í. D'éirigh Noel Cregan as mar stiúrthóir ar 3 Meán Fómhair 2020, d'éirigh Philip Smith as mar stiúrthóir ar 15 Eanáir 2021, d'éirigh Dominic McEvoy as mar stiúrthóir ar 4 Feabhra 2021 agus d'éirigh John Mullins as mar Chathaoirleach / stiúrthóir ar 26 Feabhra 2021, tar éis dá mbarántas ceapacháin dul in éag. Athcheapadh Noel Cregan agus Phillip Smith mar stiúrthóirí ar 26 Feabhra 2021.

Bhí na stiúrthóirí seo a leanas agus an rúnaí atá liostáilte thíos i bhfeidhm ar fud na bliana airgeadais.

John Mullins (*Cathaoirleach*),  
David Browne,  
Dominic McEvoy,  
Finbarr Synott, agus  
Philip Smith.

Tugann an tábla thíos sonraí faoin tréimhse cheapacháin do bhail reatha.

### Struchtúr an Bhoird

Ball an Bhoird	Ról	Dáta an Cheapacháin
Finbarr Synott	Cath. Eatramhach	8 Eanáir 2019
Eoin McGettigan	Gnáthbhall	1 D. Fómhair 2020
David Browne	Gnáthbhall	11 D. Fómhair 2017
Noel Cregan	Gnáthbhall	26 Feabhra 2021
Gillian Keating	Gnáthbhall	14 D. Fómhair 2020
Dominic McEvoy	Gnáthbhall	5 Feabhra 2018
Philip Smith	Gnáthbhall	26 Feabhra 2021

De réir an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, seo a leanas anailís ar tháillí na Stiúrthóirí chomh maith le sonraí freastail ar Chruinnithe Boird le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú:

	Bord	Coiste In. & Riosca	Táillí 2020 €	Costais 2020 €
<b>Líon na gCruinnithe</b>	<b>12</b>	<b>3</b>		
J. Mullins	12		21,600	641
E. McGettigan	3		-	-
B. Keating	8		8,423	-
H. Boyle	0		1,050	-
D. Browne	12	3	12,600	72
N. Cregan	8	2	8,526	79
G. Keating	3		2,705	
D. McEvoy	12		12,600	44
P. Smith	12	3	12,600	-
F. Synott	12		12,600	-
			<u>92,704</u>	<u>836</u>

Ar lean. ar an gcéad leathanach eile

# ***CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ***

*/ Ar lean. ón leathanach roimhe seo*

## ***TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ***

### **Sainleasanna i Scaireanna na Stiúrthóirí agus an Rúnaí**

Ní raibh aon sainleas ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí a bhí i réim ag 31 Nollaig 2020 i scaireanna na cuideachta.

### **Rialachas Corparáideach**

Comhlíonann Cuideachta Phort Chorcaí prionsabail an rialachais chorparáidigh a mhínítear sa Chód Cleachtas um Rialachas na gComhlachtaí Stáit a foilsíodh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus tá prionsabail an dea-rialachais chorparáidigh agus Treoirínte an Rialtais do Chomhlachtaí Stáit curtha i bhfeidhm aici. Comhlíonann an chuideachta gach moladh a measann an chuideachta a bheith ag baint le hábhar do chuideachta faoi úinéireacht an Stáit.

### **Cruinnithe Boird**

Chas baill an Bhoird ar a chéile dhá uair dhéag le linn na bliana airgeadais.

### **Imeachtaí Iarchláir Chomhardaithe**

Níorbh ann d'aon imeacht shuntasach a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó bhí deireadh na bliana airgeadais ann a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

### **Coistí agus dualgais eile an Bhoird**

Feidhmíonn gach Coiste de chuid an Bhoird faoi théarmaí tagartha sonracha.

Ba iad baill an **Choiste Iniúchta & Riosca i 2020** ná N. Cregan (Cath.), D. Browne agus P. Smith. Thionóil an Coiste Iniúchta & Riosca 3 chruinniú le linn 2020.

Ba iad baill an **Choiste Luach Saothair** ná J. Mullins, D. McEvoy agus Ionadaí ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Casann baill an Choiste Luach Saothair ar a chéile le plé le luach saothair agus conradh an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de Threoirínte Rialtais.

Bhí J. Mullins, B. Keating (*go dtí dáta a scoir*) agus N.Cregan **ina n-iontaobhaithe** ar Chiste Aoisliúntais Chuideachta Phort Chorcaí le linn 2020.

### **Rialuithe Inmheánacha agus Iniúchadh Inmheánach**

Tá freagracht iomlán ag na Stiúrthóirí as córais rialaithe inmheánaigh na cuideachta agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid éifeachtachta. Tá na córais seo deartha chun cinntiú go gcuirtear idirbhearta i gcrích de réir údarú an lucht bhainistíochta, go gcuirtear bearta réasúnta i gcrích chun sócmhainní a chumhdach agus chun caimiléireacht a chosc, agus chun go ndéanfaí taifid airgeadais chuí a chothabháil. Tá na córais seo deartha chun riosca a bhainistiú agus is féidir leo ráthaíocht réasúnta, seachas dearbhráthaíocht a thabhairt, in aghaidh na hearráide ábhartha.

*Ar lean. ar an gcéad leathanach eile /*

# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

/ Ar lean. ón leathanach roimhe seo

## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

I measc na bpríomhnósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm ag an mBord chun rialú éifeachtach inmheánach a sholáthar áirítear iad seo a leanas:

- Bunaíodh freagrachtaí bainistíochta atá sainmhínithe go soiléir ar fud na cuideachta agus urraíodh seirbhísí pearsanra cháilithe agus leithdháileadh dualgais go cuí ina measc;
- Tá próiseas foirmeálta buiséadaithe i bhfeidhm, a mbíonn de thoradh deiridh air an buiséad bliantúil a fhaomhaítear ag an gCoiste Iniúchta & Riosca agus ag an mBord;
- Tuairiscítear feidhmíocht iarbhír le hais an bhuiséid don Bhord ar bhonn míosúil;
- Tá an lucht bainistíochta ag gach leibhéal freagrach as rialú inmheánach a bhfeidhme gnó;
- Déantar nósanna imeachta inmheánacha rialaithe a nuashonrú agus déantar monatóireacht orthu go leanúnach ag an gCoiste agus ag lucht bainistíochta Iniúchta & Riosca agus déantar iniúchadh orthu ag iniúcháir neamhspleách inmheánach; agus
- Gnáthaimh shainmhínithe do bhreithmheas, athbhreithniú agus rialú caiteachais chaipitil.

Le linn 2020 chuir Grant Thornton, Cuntasóirí Cairte, iniúchadh neamhspleách inmheánach i gcrích, a bhain an tátal amach go raibh rialuithe inmheánacha agus córais rialaithe inmheánaigh na cuideachta ag feidhmiú go sásúil.

Aithníonn na stiúrthóirí gurb iadsan atá freagrach as cinntiú go gcomhlíonann an chuideachta a cuid dualgas ábhartha agus deimhníonn siad gur cuireadh na nithe seo a leanas i gcrích:

- (a) Dréachtú “ráitis pholasaí chomhlíonta” a leagann amach polasaithe na cuideachta (atá, de réir na stiúrthóirí, oiriúnach don chuideachta), i dtaca le comhlíonadh a cuid dualgas ábhartha ag an gcuideachta;
- (b) Cur i bhfeidhm socruithe nó struchtúr iomchuí atá, de réir na stiúrthóirí, deartha chun comhlíonadh ábhartha a chinntiú i dtaca le dualgais ábhartha na cuideachta ((.i. soláthraíonn na socruithe nó na struchtúir ráthaíocht réasúnta gur chomhlíon an chuideachta gach gné); agus
- (c) Cur i gcrích athbhreithnithe, le linn na bliana airgeadais, aon socruithe nó struchtúr a cuireadh i bhfeidhm.

### **Gnóthas Leantach**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mar tá na stiúrthóirí sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag Cuideachta Phort Chorcaí le go leanfadh sí uirthi mar ghnólacht go ceann i bhfad.

### **Cuspóirí agus Polasaithe Bainistithe Riosca Airgeadais**

Mar gheall ar a cuid gníomhaíochtaí tá an chuideachta neamhchosanta ar roinnt rioscaí airgeadais, lena n-áirítear riosca creidmheasa, riosca sreabhaidh airgid agus riosca leachtachta. Rialaítear úsáid na n-ionstraimí airgeadais ag polasaithe na cuideachta, agus iad faofa ag bord na stiúrthóirí, a sholáthraíonn prionsabail scríofa faoi úsáid na n-ionstraimí airgeadais chun na rioscaí seo a bhainistiú.

*Ar lean. ar an gcéad leathanach eile /*

# ***CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ***

*/ Ar lean. ón leathanach roimhe seo*

## **TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ**

### **Riosca Sreabhaidh Airgid**

Mar gheall ar a cuid gníomhaíochtaí tá an chuideachta neamhchosanta go príomha ar na rioscaí airgeadais a bhaineann le hathruithe i rátaí malairte airgeadraí iasachta agus rátaí úis.

Coimeádtar sócmhainní úsmhara ag ráta seasta chun cinnteacht sreabhaidh airgid a chinntiú. Coimeádtar dliteanais úsmhara ag rátaí inathraitheacha agus ag rátaí seasta araon.

### **Riosca Creidmheasa**

Is iad príomhshócmhainní airgeadais na cuideachta ná iarmhéideanna bainc agus airgead tirim, sócmhainní trádála agus infháltais eile, agus infheistíochtaí.

Tá riosca creidmheasa na cuideachta inchurtha go príomha i leith a cuid infháltas trádála. Tá na suimeanna a chuirtear i láthair sa chlár comhardaithe glan ar liúntais d'infháltais amhrasacha. Cuirtear san áireamh lagú nuair a tharlaíonn imeacht aitheanta chaillteanais ar fianaise í, bunaithe ar thaithí roimhe seo, do laghdú in-aisghabhálacht na sreabhadh airgid.

Tá an riosca creidmheasa ar chistí leachtacha teoranta ós rud é gur bainc iad na contrapháirtithe le rátáil chreidmheasa ard a sannadh ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta rátála creidmheasa.

Ní hann d'aon chomhchruinniú suntasach riosca chreidmheasa, agus aon neamhchosaint leata amach thar líon mór contrapháirtithe agus custaiméirí.

### **Riosca Leachtachta**

Le leachtacht a chothabháil le cinntiú go mbíonn dóthain cistí ar fáil d'oibriúchán leanúnach agus forbairtí sa todhchaí, baineann an chuideachta leas as meascán maoinithe fhiach fhadtéarmaigh agus ghearrtéarmaigh.

### **Síntiúis Pholaitíochta**

Ní dhearna an chuideachta aon síntiúis pholaitíochta le linn na bliana airgeadais.

### **An tAcht um Phrasíocaíocht Chuntas, 1997**

Is é polasaí na cuideachta gach creidiúnaí a íoc de réir théarmaí an Achta um Phrasíocaíocht Chuntas, 1997. Soláthraíonn sin ráthaíocht réasúnta go gcomhlíontar téarmaí an Achta ag gach am. Chomhlíon an chuideachta téarmaí an Achta le linn 2020 agus ní raibh aon ghá ann le híocaíochtaí úis.

### **Leas na bhFostaithe**

Is é polasaí na cuideachta sláinte agus leas na bhfostaithe a chinntiú trí chothabháil ionaid shábháilte agus chórais shábháilte oibre. Tá an polasaí seo bunaithe ar riachtanais na reachtaíochta fostaíochta & sláinte & sábháilteachta chomh maith le dianchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Tá an chuideachta creidiúnaithe faoi OHSAS18001.

*Ar lean. ar an gcéad leathanach eile /*



# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

/ Ar lean. ón leathanach roimhe seo

## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

### Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit:

Tá an nochtadh seo a leanas riachtanach sna Ráitis Bhliantúla Airgeadais & sa Tuarascáil Airgeadais, don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2020, le Cód Cleachtais Rialachas na gComhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

#### *I. Costais Sainchomhairleoireachta*

Tá san áireamh sna costais sainchomhairleoireachta costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta; níl san áireamh ann feidhmeanna gnó mar is gnách.

	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
Comhairle dlí	268,410	110,079
Comhairle airgeadais / achtúireach	382,104	411,495
Caidreamh poiblí / margaíocht	7,600	-
Acmhainní Daonna	77,402	28,863
Feabhas Gnó	-	-
Eile	1,987,091	1,965,825
Costais iomlána chomhairliúcháin	<u>2,722,607</u>	<u>2,516,262</u>
Costais chomhairliúcháin chaipitlithe	1,879,295	1,718,099
Comhairliúchán gearrtha do Ioncam & Cateachas & Cúlchistí Coimeádta Ioncaim	843,312	798,163
Eile	<u>2,722,607</u>	<u>2,516,262</u>

Tagraíonn na costais chaipitlithe do na tacaí sin atá riachtanach d'fhorbairt Rinn an Scidígh agus forbairtí eile sócmhainne.

#### *II. Cateachas Taistil agus Liúntais Chothaithe*

Déantar an cateachas taistil agus liúntais chothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
In Éirinn		
- Bord	-	-
- Fostaithe	2,000	7,000
Idirnáisiúnta		
- Bord	-	1,888
- Fostaithe	15,393	90,398
Iomlán	<u>17,393</u>	<u>99,286</u>

Ar lean. ar an gcéad leathanach eile /

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

/ Ar lean. ón leathanach roimhe seo

### TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

#### Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit (ar lean):

##### III. Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Ráiteas Ioncaim an méid seo a leanas:

	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
Fáilteachas foirne	82,500	50,223
Fáilteachas cliant	-	26,214
Iomlán	<u>82,500</u>	<u>76,437</u>

##### IV. Luach Saothair

(a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€000	€000
Sochair ghearrthéarmacha foirne	10,210	10,854
Sochair fhoirceanta	118	-
Costais sochar scoir *	1,750	1,875
Ranníocaíocht an fhostóra don leas sóisialta	1,086	1,169
	<u>13,164</u>	<u>13,898</u>

Ba é líon iomlán na foirne fostaithe (CLA) ná 155 (2019: 159).

\* Is iad na costais sochar scoir a nochtar ná na suimeanna a íocadh agus ní chuireann siad san áireamh coigeartú FRS102 maidir le Scéimeanna Pinsin le Sochar Sainithe. Cuireann na sochair scoir a nochtar ag nóta 9 an coigeartú FRS102 seo san áireamh.

(b) Sochair ghearrthéarmacha foirne	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€000	€000
Bunphá	8,933	9,609
Ragobair	1,277	1,245
	<u>10,210</u>	<u>10,854</u>

Ar lean. ar an gcéad leathanach eile /

# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

Ar lean. ón leathanach roimhe seo

## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

### Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit (ar lean):

#### (c) Príomhphearsanra bainistíochta

Ba iad an príomhphearsanra bainistíochta i 2020 i gCuideachta Phort Chorcaí ná an POF, an POF a bhí ann roimhe, an Príomhoifigeach Airgeadais & Rúnaí Cuideachta, Máistir an Chuain & Ceannasaí na nOibriúchán, an Príomhoifigeach Tráchtála agus Bainisteoir Innealtóireachta an Phoirt agus Ceannasaí na nAcmhainní Daonna. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar, lena n-áirítear ranníocaíocht phinsin agus gluaisteáin chuideachta don príomhphearsanra bainistíochta:

	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	<u>€000</u>	<u>€000</u>
Tuarastal	1,153	1,179
Liúntais	13	12
Árachas Sláinte	8	6
	<u>1,174</u>	<u>1,197</u>

#### (d) Tuarastal & Sochair an POF

Nochtar Tuarastal agus Sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i nóta 9 do na Ráitis Airgeadais.

### V. Sochair Ghearrthéarmacha

Déantar sochair gearrthéarmacha na bhfostaithe thar €50,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

<b>Sochair gearrthéarmacha na bhfostaithe</b>	<u>2020</u>	<u>2019</u>
€	<b>Líon na bhFostaithe sa Bhanda</b>	<b>Líon na bhFostaithe sa Bhanda</b>
50,000 - 74,999	69	72
75,000 - 99,999	30	33
100,000 - 124,999	3	5
125,000 - 149,999	0	0
150,000 - 174,999	4	4
175,000 - 199,999	2	2

**Nóta:** Do chuspóirí an nochtá seo, áirítear i sochair gearrthéarmacha na bhfostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairisceoireachta tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar ar son an fhostaí, ach gan ÁSPC a chur san áireamh.

Ar lean. ar an gcéad leathanach eile /

# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

/ Ar lean. ón leathanach roimhe seo

## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

### Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit (ar lean):

#### VI. Costais Dlí agus Socruithe

Soláthraíonn an clár thíos anailís ar shuimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairisceoireachta maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána maidir le conarthaí le 3ú páirtithe. Ní áiríonn sin caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí, a fuarthas ag Cuideachtaí Phort Chorcaí agus a nochtar sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

Costais Dlí agus Socruithe	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
Táillí dlí – imeachtaí dlí	-	-
Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána	51,546	6,438
Socruithe	-	-
<b>Iomlán</b>	<u>51,546</u>	<u>6,438</u>

#### Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta atá curtha i gcrích ag na stiúrthóirí chun comhlíonadh riachtanas Ailt 281 go 285 Acht na gCuideachtaí 2014 a chinntiú i dtaca le coimeád taifead cuntasaíochta, ná fostú pearsanra cuntasaíochta atá cáilithe go cúí, agus cothabháil chóras ríomhairithe cuntasaíochta. Coinnítear taifid chuntasaíochta na cuideachta ag oifig chláraithe na cuideachta ag Cuideacht Phort Chorcaí, Foirgneamh Críochfoirt Tivoli, Duga & Eastát Tionsclaíochta Tivoli, Corcaigh T32 YNT9.

#### Iniúcháir

Leanann an t-iniúcháir, Deloitte CDT, Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúchta Reachtuil, i réim de réir Ailt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

A fhad is atá ar eolas ag gach duine de na stiúrthóirí a bhí i réim ag dáta faofa na ráiteas airgeadais:

- Ní hann d'aon fhaisnéis ábhartha iniúchta nach bhfuil iniúcháirí na cuideachta ar an eolas fúithi; agus
- Tá gach beart curtha i gcrích ag na stiúrthóirí ar chóir dóibh cur i gcrích mar stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchta, agus chun a chinntiú go bhfuil iniúcháirí na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Tugtar an deimhniú seo, agus ba chóir é a thuiscint, de réir fhorálacha Ailt 330 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faomhadh na ráitis airgeadais ag Bord na Stiúrthóirí ar 29 Márta 2021 agus iad sínithe ar a shon ag:

Finbarr Synnott, Cathaoirleach Eatramhach/ Stiúrthóir

Eoin McGettigan, Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir

## *CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ*

### *RÁITEAS FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ*

Tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú tuarascáil na stiúrthóirí faoi na ráitis airgeadais de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Éilíonn dlí cuideachta na hÉireann go n-ullmhóidh na stiúrthóirí ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais. Faoin dlí seo, shocraigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann eisithe ag an gcomhairle thuairiscithe airgeadais (“creatlach ábhartha thuairiscithe airgeadais”). Faoi dhlí na gcuideachtaí, tá iachall ar na stiúrthóirí gan na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas atá fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar shuíomh airgeadais na cuideachta ag dáta deiridh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais, agus go gcomhlíonann siad ar bhealaí eile Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, bíonn iachall ar na stiúrthóirí:

- polasaithe oiriúnacha cuntasáiochta a roghnú don Mháthairchuideachta agus do Ráitis Airgeadais an Ghrúpa agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- dearbhú ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasáiochta infheidhmithe, na caighdeáin sin a aithint, agus an éifeacht agus na cúiseanna a thabhairt faoi deara a bhaineann le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin murar cuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta uirthi de bheith ag feidhmiú mar ghnólacht.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cinntiú go gcoimeádann an chuideachta taifid imleora chuntasáiochta, nó go spreagann sí a gcoimeád, taifid a mhíononn agus a thairfeadann i gceart idirbhearta na cuideachta, a cheadaíonn ag aon am go gcinnfi sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta le cruinneas réasúnta, agus cur ar a gcumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014, agus go gceadaíonn siad iniúchadh na ráiteas airgeadais. Tá siad freagrach freisin as cumhdach shócmhainní na cuideachta agus, mar sin de, as bearta réasúnta a chur i gcrích do chosc agus d’aimsiú caimiléireachta agus mirialtachtaí eile.

Is féidir go mbeidh reachtaíocht na hÉireann a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh ráiteas airgeadais éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta.

Ar son an Bhoird:

Finbarr Synnott, Cathaoirleach Eatramhach/ Stiúrthóir

Eoin McGettigan, Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir

## TUAIRISC NA N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO BHAILL CHUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

### Tuairisc faoi iniúchadh na ráiteas airgeadais

#### Tuairim faoi ráitis airgeadais Chuideachta Phort Chorcaí (an 'chuideachta')

Is í an tuairim atá againn go dtugann ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta:

- léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta ag 31 Nollaig 2020, agus ar bhrabús an ghrúpa agus na máthairchuideachta don bhliain airgeadais dar deireadh an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh iad go cuí de réir na creatlaí ábhartha tuairisceoireachta airgeadais agus, go háirithe, de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta againn orthu:

ráitis airgeadais an ghrúpa:

- an Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim;
- an Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim Chuimsithigh;
- an Ráiteas Comhdhlúite faoin Staid Airgeadais;
- an Ráiteas Comhdhlúite maidir le Sreabhadh Airgid;
- an Ráiteas Comhdhlúite maidir le hAthruithe sa Chaipiteal Gnáthscaireana; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 25, lena n-áirítear achoimre ar na polasaithe suntasacha cuntasáochta faoi mar a leagtar iad amach i nóta 1.

ráitis airgeadais na máthairchuideachta:

- Ráiteas na Cuideachta maidir leis an Staid Airgeadais agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 25, lena n-áirítear achoimre ar na polasaithe suntasacha cuntasáochta faoi mar a leagtar amach iad i nóta 1.

Is í an chreatlach ábhartha tuairisceoireachta airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus ráitis airgeadais an ghrúpa á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 "An Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann" a eisítear ag an gComhairle um Thuairisceoireacht Airgeadais ("an chreatlach ábhartha tuairisceoireachta airgeadais").

#### Bonn tuairime

Chuireamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire) (ISA (Éire)) agus an dlí infheidhmithe. Cuirtear síos ar ár gcuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid d'ár dtuarascáil a bhaineann le "freagrachtaí an iniúchóra d'iniúchadh na ráiteas airgeadais"

Táimid neamhspleách ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta de réir na riachtanas eiticíúil sin atá ábhartha d'ár iniúchadh de na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil a eisítear ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasáochta na hÉireann, agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn de réir na riachtanas seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bonn a sholáthar le haghaidh ár dtuairime.

#### Conclúidí maidir le gnóthas leantach

Agus iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais, bhaineamar tátal astu go bhfuil úsáid na stiúrthóirí den bhonn gnóthais leantaigh chuntasáochta iomchuí, agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais.

Bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, níl aon neamhchinnteachtaí ábhartha aitheanta againn a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí ar féidir go spreagfaidh siad amhras, ar bhonn aonair nó comhchoiteann, faoi chumas an ghrúpa nó na máthairchuideachta de bheith ag leanúint orthu mar gnóthas leantach ar feadh tréimhse de 12 mhí, ar a laghad, ón dáta nuair a údaraítear eisiúint na ráiteas airgeadais.

Cuirtear síos ar ár gcuid freagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach i gcodanna ábhartha na tuairisce seo.

#### Faisnéis eile

Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis sin atá mar chuid den tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus ár dtuairisc iniúchóireachta fúthu. Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Ní chlúdaíonn ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas sa mhéid go bhfuil a leithéid dearbhaithe go sonrach inár dtuairisc, ní chuirimid in iúl aon saghas conclúide ráthaíochta faoi sin.



Is í an fhreagracht atá againn ná an fhaisnéis eile a léamh, agus le linn dúinn sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh más rud é go bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó más amhlaidh go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil an fhaisnéis atá faighte againn ón iniúchadh nó ar bhealaí eile míthuiriscithe go hábhartha. Má aithnímid a leithéid de neamhréireachtaí nó míráitis dealraitheacha ábhartha, tá iachall orainn cinneadh an ann do mhíríteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha na faisnéise eile. Má bhainimid an chonclúid amach, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, gurb ann do mhíríteas ábhartha na faisnéise eile seo, tá iachall orainn an fhír sin a thuirisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

### Freagrachtaí na Stiúrtóirí

Faoi mar a míníodh ar shlí níos cuimsithí i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrtóirí, tá na stiúrtóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas atá fíor agus cothrom agus a chloíonn ar shlite eile le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus as a leithéid de rialú inmheánach agus a chinneann na stiúrtóirí a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais a cheadú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sin mar gheall ar chaimiléireacht nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá na stiúrtóirí freagrach as cumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta a mheasúnú maidir le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus iad ag nochtadh, de réir mar atá infheidhmithe, ceisteanna a bhaineann leis an ngnóthas leantach, agus iad ag úsáid an bonn gnóthais leantaigh cuntasáiochta, ach amháin má tá sé i gceist ag na stiúrtóirí cé acu an grúpa agus an mháthairchuideachta a leachtú nó oibríochtaí a scor, nó mura bhfuil aon rogha réadúil acu seachas sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí an iniúcháora d'iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuid cuspóirí ná ráthaíocht réasúnta a fháil an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais san iomlán saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sin mar gheall ar chaimiléireacht nó earráid, agus tuairisc iniúcháora a eisiúint a bhfuil ár dtuairim mar chuid di. Ardleibhéal ráthaíochta is ea ráthaíocht réasúnta, ach ní barántas é go n-aimseodh iniúchadh a chuirtear i gcrích de réir ISA (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as caimiléireacht nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha, más féidir bheith ag súil leis go réasúnta go bhféadfaidís, ar bhonn aonair nó go comhiomlán, tionchar a bheith acu ar shocruithe eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir ISAs (Éire), bainimid úsáid as breithiúnas gairmiúil agus cloímid le sceipteachas gairmiúil ar fud an iniúchta. Déanaimid seo freisin:

- Aithnímid agus déanaimid measúnú faoi rioscaí míráitis ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais, bíodh sin mar gheall ar chaimiléireacht nó earráid, dearaimid agus cuirimid i gcrích gnáthaimh iniúchta a thugann freagra ar na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúchta atá leordhóthain agus iomchuí chun bonn a sholáthar d'ár dtuairim. Tá riosca níos airde ann nach n-aimseofaí míráiteas ábhartha a eascraíonn as caimiléireacht ná do cheann a eascraíonn as earráid, ós rud é gur féidir go mbeadh i gceist le caimiléireacht claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, bréagléirithe, nó sárú an rialaithe inmheánaigh.
- Bainimid tuiscint amach maidir le rialú inmheánach a bhaineann le hábhar don iniúchadh chun gnáthaimh iniúchta a dhearadh atá iomchuí do na dálaí, ach ní don chuspóir seo: tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht rialú inmheánach an ghrúpa agus na máthairchuideachta.
- Measaimid a iomchuí is atá na polasaithe cuntasáiochta a mbaintear úsáid astu agus a réasúnta is atá na meastacháin chuntasáiochta agus na faisnéisithe gaolmhara a dhéantar ag na stiúrtóirí.
- Bainimid tátal amach maidir lena iomchuí is atá úsáid na stiúrtóirí den bhonn gnóthais leantaigh cuntasáiochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, an ann nó nach ann do neamhchinnteacht ábhartha maidir le himeachtaí nó dálaí ar féidir leo amhras suntasach a spreagadh i dtaca le cumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainimid an tátal amach gurb ann do neamhchinnteacht ábhartha tá iachall orainn aird a tharraingt inár dtuairisc iniúchóireachta ar na faisnéisithe gaolmhara sna ráitis airgeadais, nó má tá a leithéid d'fhaisnéisithe neamhleor, ár dtuairim a athrú. Tá ár gcuid tátal bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dáta na tuairisce iniúchóireachta. Is féidir, áfach, go mbeidh ar an aonán (nó an grúpa, nuair a bhaineann sin le hábhar) éirí as mar ghnóthas leantach mar gheall ar imeachtaí nó dálaí sa toadhchá.
- Déanaimid measúnú faoi chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlána na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na faisnéisithe, agus déanaimid cinneadh más amhlaidh go léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar shlí a bhaineann cur i láthair cothrom amach.
- Faighimid dóthain fianaise iniúchta iomchuí maidir le faisnéis airgeadais na ngníomhaíochtaí gnó laistigh den ghrúpa chun tuairim a chur in iúl faoi na ráitis (chomhdhlúite) airgeadais. Tá iniúchóir an ghrúpa freagrach as treoir, maoirseacht agus feidhmiú iniúchadh an ghrúpa. Is é iniúchóir an ghrúpa amháin atá freagrach i gcónaí as an tuairim iniúchóireachta.

## TUAIRISC NA N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO BHAILL CHUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

Déanaimid cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus cinneadh suntasach na hiniúchóireachta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir le linn an iniúchta.

### Tuairisc faoi riachtanais eile dlí agus rialála

#### Tuairim faoi nithe eile a ordáitear ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair ar tugadh fúithi le linn na hiniúchóireachta, agus uirthi sin amháin, tuairiscimid an méid seo:

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a measaimid iad a bheith riachtanach do chuspóirí ár n-iniúchta.
- Is í an tuairim atá againn ná gur leor taifid chuntasaíochta na máthairchuideachta chun ceadú go ndéanfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go cuí.
- Réitíonn clár comhardaithe na máthairchuideachta leis na taifid chuntasaíochta.
- Is í an tuairim atá againn ná go réitíonn an fhaisnéis a thugtar i dtuairisc na stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais agus gur ullmhaíodh tuairisc na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

#### Nithe a bhfuil iachall orainn tuairisc a thabhairt fúthu go heisceachtúil


Bunaithe ar eolas agus ar thuiscint an ghrúpa agus na máthairchuideachta agus faoina timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl míráitis ábhartha aitheanta againn i dtuairisc na stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí 2014 a chuireann iachall orainn tuairisc a thabhairt duit mura ndéantar, dar linn, na faisnéisithe sin faoi luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí atá sonraithe ag an dlí.

Déanaimid athbhreithniú maidir leis an gceist seo: an léiríonn nó nach léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a éilítear ag an gcód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a dhéantar i dtuairisc na Stiúrthóirí comhlíonadh na Cuideachta alt 13.1 (iii) an chóid agus má tá sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis sin atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais, agus tugaimid tuairisc faoi sin mura bhfuil. Níl iachall orainn breithniú a dhéanamh maidir leis an gceist an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn ráitis an Bhoird faoi rialú inmheánach gach riosca agus rialú, ná tuairim a thabhairt faoi éifeachtacht ghnáthaimh rialachais chorpáidigh na Cuideachta nó a cuid gnáthamh riosca agus rialaithe.

#### Úsáid ár dTuairisce

Tugtar an tuairisc seo do bhaill na cuideachta amháin, mar chomhlachas, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúchóireachta sa tslí gur féidir linn ráiteas a thabhairt do bhaill na cuideachta faoi na nithe sin a bhfuil iachall orainn ráiteas a thabhairt dóibh fúthu i dtuairisc iniúcháin, agus ní ar aon chúis eile. Sa mhéid atá incheadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid le freagracht d'aon duine eile seachas an chuideachta agus baill na cuideachta mar chomhlachas, d'ár gcuid oibre iniúchóireachta, don tuairisc seo, nó do na tuairimí sin atá bainte amach againn.



Honor Moore  
Do agus ar son Deloitte Ireland CDT  
Cuntasóirí Cairte & Comhlacht Iniúchta Reachtuil,  
Uimh. 6, Cé an Lapaigh, Corcaigh

Dáta: 22 Aibreán 2021

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

**RÁITEAS COMHDHLÚITE IONCAIM**  
**don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020**

	<u>Nótaí</u>	<u>2020</u>	<u>2019</u>
		€	€
<b>Láimhdeachas – oibriúcháin leanúnacha</b>	(3)	33,749,682	37,662,809
Costas na nDíolachán	(4)	<u>(19,337,699)</u>	<u>(20,768,569)</u>
 <b>Ollbhrabús</b>		 14,411,983	 16,894,240
Riarachán agus Caiteachas Ginearálta	(5)	<u>(8,306,600)</u>	<u>(9,635,724)</u>
 <b>Brabús Oibriúcháin – oibriúcháin leanúnacha</b>		 6,105,383	 7,258,516
Diúscairt Sócmhainní Seasta - Brabús	(6)	5,415	229,048
Cion Chaillteanais na Cuideachta Comhlachaithe	(13)	(91,840)	(101,715)
Costais Airgeadais (glanchostas)	(7)	<u>(734,195)</u>	<u>(511,879)</u>
 <b>Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas</b>	(8)	 5,284,763	 6,873,970
Cánachas	(10)	<u>(611,154)</u>	<u>(859,773)</u>
 <b>Brabús don Bhliain Airgeadais atá inchurtha i leith scairshealbhóirí cothromais na cuideachta</b>		 <u>4,673,609</u>	 <u>6,014,197</u>

# *CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ*

<p style="text-align: center;"><b><u>RÁITEAS COMHDHLÚITE</u></b> <b><u>IONCAIM CHUIMSITHIGH</u></b> <b><u>don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020</u></b></p>
---

	<u>Nótaí</u>	<u>2020</u>	<u>2019</u>
		€	€
<b>Brabús don Bhliain Airgeadais</b>		4,673,609	6,014,197
Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach Aitheanta ar Scéimeanna Pinsin	(21)	1,573,000	(861,000)
(Cailteanas)/ Gnóthachan Achtúireach Aitheanta ar Dhliteanas Chiste Aoisliúntais Phort Chorcaí		(56,000)	235,000
Cáin Iarchurtha a bhaineann le Dliteanas Achtúireach		(292,250)	(53,000)
		<hr/>	<hr/>
<b>Ioncam iomlán cuimsitheach atá inchurtha i leith scairshealbhóirí cothromais na cuideachta</b>		<hr/> 5,898,359	<hr/> 5,335,197

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

### RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOIN STAID AIRGEADAIS ag 31 Nollaig 2020

	<u>Nótaí</u>	<u>2020</u>	<u>2019</u>
<b>Sócmhainní Seasta:</b>		€	€
Sócmhainní Inláimhsithe	(11)	156,470,821	130,095,475
Sócmhainní Airgeadais	(13)	2,713,330	2,805,170
		<u>159,184,151</u>	<u>132,900,645</u>
<b>Sócmhainní Reatha:</b>			
Stoic		415,383	414,285
Féichiúnaithe	(14)	7,884,467	9,022,602
Airgead Tirim & Cistí i dTaisce		8,928,367	13,729,435
		<u>17,228,217</u>	<u>23,166,322</u>
<b>Creidiúnaithe</b> (suimeanna atá le bheith dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin)	(15)	(13,317,129)	(9,910,084)
Glansócmhainní Reatha		<u>3,911,088</u>	<u>13,256,238</u>
<b>Iomlán Sócmhainní Iúide Dliteanais Reatha</b>		<u>163,095,239</u>	<u>146,156,883</u>
<b>A bhfuil i gceist leis:</b>			
<b>Creidiúnaithe</b> (suimeanna atá le bheith dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin)			
Fiach Caipitil	(16)	37,194,636	24,114,324
Deontais Chaipitil	(17)	24,313,734	24,370,827
Soláthar do Dhlíteanais	(18)	8,660,711	10,643,933
		<u>70,169,081</u>	<u>59,129,084</u>
<b>Caipiteal &amp; Cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite curtha i láthair mar chothromas	(19)	22,518,722	22,518,722
Cúlchiste Comhshóite Chaipitil	(20)	267,320	267,320
Cúlchiste Caipitil	(20)	989	989
Cuntas Brabúis & Caillteanais	(20)	70,139,127	64,240,768
<b>Cistí na Scairshealbhóirí</b>		<u>92,926,158</u>	<u>87,027,799</u>
		<u>163,095,239</u>	<u>146,156,883</u>

Ba é méid an bhrabúis sa chuideachta tar éis cánachais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2020 ná €4,822,545.

Faomhadh na Ráitis Airgeadais ag Bord na Stiúrthóirí ar 29 Márta 2021 agus síníodh iad ar a son ag:

Finbarr Synnott, Cathaoirleach Eatramhach / Stiúrthóir

Eoin McGettigan, Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir

# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

## RÁITEAS NA CUIDEACHTA FAOIN STAID AIRGEADAIS

ag 31 Nollaig 2020

	<u>Nótaí</u>	<u>2020</u>	<u>2019</u>
		€	€
<b>Sócmhainní Seasta:</b>			
Sócmhainní Inláimhsithe	(11)	152,444,433	126,069,087
Sócmhainní Airgeadais	(13)	6,592,985	6,592,985
		159,037,418	132,662,072
<b>Sócmhainní Reatha:</b>			
Stoic		415,383	414,285
Féichiúnaithe	(14)	8,408,236	9,205,525
Airgead Tirim agus Cistí i dTaisce		8,498,283	12,895,850
		17,321,902	22,515,660
<b>Creidiúnaithe</b> (suimeanna atá le bheith dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin)	(15)	(13,039,952)	(8,945,656)
Glansócmhainní Reatha		4,281,950	13,570,004
<b>Iomlán Sócmhainní Lúide Dlíteanais Reatha</b>		163,319,368	146,232,076
<b>A bhfuil i gceist leis:</b>			
<b>Creidiúnaithe</b> (suimeanna atá le bheith dlite tar éis bliana airgeadais amháin)			
Fiachas Caipitil	(16)	37,194,636	24,114,324
Deontais Chaipitil	(17)	24,313,734	24,370,827
Soláthar do Dhliteanais	(18)	8,660,711	10,643,933
		70,169,081	59,129,084
<b>Caipiteal &amp; Cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite curtha i láthair mar chothromas	(19)	22,518,722	22,518,722
Cúlchiste Comhshóite Chaipitil	(20)	267,320	267,320
Cuntas Brabúis & Caillteanais	(20)	70,364,245	64,316,950
<b>Cistí na Scairshealbhóirí</b>		93,150,287	87,102,992
		163,319,368	146,232,076

Faomhadh na Ráitis Airgeadais ag Bord na Stiúrthóirí ar 29 Márta 2021 agus síníodh iad ar a son ag:

Finbarr Synnott, Cathaoirleach Eatramhach / Stiúrthóir

Eoin McGettigan, Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir



## *CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ*

### **RÁITEAS COMHDHLÚITE AN tSREABHAIDH AIRGID**

**don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020**

	<u>Nótaí</u>	<u>2020</u>	<u>2019</u>
		€	€
Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas		5,284,763	6,873,970
Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Reatha		(5,415)	(229,048)
Scair Chaillteanas na Cuideachta Comhlachaithe		91,840	101,715
Costais Airgeadais (glanchostais)		734,195	511,879
Dímheas Lúide Deontais Scaoilte		3,996,431	3,780,906
(Méadú)/ Laghdú sna Stoic		(1,098)	80,366
Laghdú sna Féichiúnaithe		853,193	(454,495)
Méadú sna Creidiúnaithe		654,903	65,574
Cánachas íoctha		<u>(263,684)</u>	<u>(1,045,543)</u>
Glaninsreabhadh airgid thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		<u>11,345,128</u>	<u>9,685,324</u>
<b><u>Gníomhaíochtaí Infheistíochta</u></b>			
Ceannach Sócmhainní Seasta		(29,937,732)	(25,052,316)
Deontais Faighte		803,789	2,197,095
Fáltais ar Dhiúscairt na Sócmhainní Seasta		<u>45,000</u>	<u>327,831</u>
Glanas-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		<u>(29,088,943)</u>	<u>(22,527,390)</u>
<b><u>Maoiniú</u></b>			
Díbhinn Íoctha		-	(250,000)
Fáil Iasachtaí		13,581,942	5,458,720
Ús Íoctha		<u>(639,195)</u>	<u>(365,879)</u>
Glanin-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		<u>12,942,747</u>	<u>4,842,841</u>
<b><u>Laghdú in Airgead Tirim</u></b>		(4,801,068)	(7,999,225)
Iarmhéid Airgid Tosaigh		<u>13,729,435</u>	<u>21,728,660</u>
Iarmhéid Airgid Deiridh		<u><u>8,928,367</u></u>	<u><u>13,729,435</u></u>

## *CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ*

<b>RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI ATHRUITHE COTHROMAIS</b> <i>(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)</i>
--

	<u>2020</u>	<u>2020</u>	<u>2019</u>	<u>2019</u>
	<u>Grúpa</u>	<u>Cuideachta</u>	<u>Grúpa</u>	<u>Cuideachta</u>
	€	€	€	€
Brabús don bhliain airgeadais	4,673,609	4,822,545	6,014,197	6,067,098
Gnóthachan / (Caillteanas) Airgeadais Aitheanta ar Scéimeanna Pínsin	1,573,000	1,573,000	(861,000)	(861,000)
(Caillteanas) / Gnóthachan Achtúireach Aitheanta ar Dhliteanas Chiste Aoisliúntais Phort Chorcaí	(56,000)	(56,000)	235,000	235,000
Díbhinn Íoctha	-	-	(250,000)	(250,000)
Cáin Iarchurtha a bhaineann le Dliteanas Achtúireach	(292,250)	(292,250)	(53,000)	(53,000)
Méadú i gCistí na Scairshealbhóirí	5,898,359	6,047,295	5,085,197	5,138,098
Cistí Tosaigh na Scairshealbhóirí	87,027,799	87,102,992	81,942,602	81,964,894
<b>Cistí Deiridh na Scairshealbhóirí</b>	<u>92,926,158</u>	<u>93,150,287</u>	<u>87,027,799</u>	<u>87,102,992</u>

# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

## ***NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)***

### **Nóta**

#### **(1) Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta**

Seo a leanas na polasaithe suntasacha cuntasaíochta ar glacadh leo ag an gcuideachta:

#### **Eolas Ginearálta & Bonn Cuntasaíochta**

Is cuideachta í Cuideachta Phort Chorcaí atá corpraithe in Éirinn faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Is é seoladh na hoifige cláraithe ná Foirgneamh Críochfoirt Tivoli, Duga & Eastát Tionsclaíochta Tivoli, Corcaigh T23 YNT9 agus is í an uimhir chuideachta chláráithe atá aici ná 262368. Leagtar amach nádúr oibriúcháin na cuideachta agus a cuid príomhghníomhaíochtaí ar leathanaigh 2 go 11 de thuarascáil na stiúrthóirí.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102), a eisíodh ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Meastar gurb é airgeadra feidhmiúil Chuideachta Phort Chorcaí ná an euro, ós rud é gurb é sin airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche ina bhfeidhmíonn an cuideachta.

Is ráitis chomhdhlúite airgeadais iad na ráitis airgeadais seo.

#### **Bonn Comhdhlúthaithe:**

Comhdhlúthaíonn na ráitis airgeadais seo ráitis airgeadais na cuideachta chomh maith lena cuid fochuideachtaí don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020.

#### **Láimhdeachas:**

Cuimsíonn sé seo ioncam ó tháillí a ghearrtar ar úsáideoirí an phoirt agus ó réadmhaoin a chuirtear amach ar cíos. Aithnítear táillí d'úsáideoirí poirt mar ioncam nuair a chuirtear soláthar na seirbhísí i gcrích. Aithnítear ioncam cíosa sa tréimhse dá mbaineann sé.

#### **Sócmhainní Seasta agus Dímheas:**

Rinneadh athluacháil ar Shócmhainní Seasta Choimisinéirí Chuan Chorcaí ar 2 Márta 1997, tar éis dul i gcomhairle le hAire na Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Aistríodh na sócmhainní athluacháilte chuig Cuideachta Phort Chorcaí ar an lá dílsithe, 3 Márta 1997, faoi Acht na gCuan 1996, mar chomaoin ar scaireanna a eisíodh d'Aire na Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus don Aire Airgeadais. Cuireadh luacháil na sócmhainní i gcrích ag saineolaithe neamhspleácha luachála, déantúsóirí saininnealra agus ag foireann ghairmiúil na cuideachta féin.

Cuimsíonn costas na sócmhainní seasta oibríochtúil praghas ceannaigh talaimh, foirgneamh, forbairtí láithreáin agus bóithre, céanna, dreidireacht chaipitil, pontúin, craenacha, castainní, crocháin, báid shnámh, mótarfheithiclí agus innealra agus trealamh eile. Áirítear mar chuid den Chostas Stairiúil caiteachas tógála agus suiteála mar ar tabhaíodh sin. Is é polasaí Chuideachta Phort Chorcaí cuid de na forchostais ábhartha a leithdháileadh do chostas na n-oibreacha caipitil.

Is é polasaí na cuideachta gan tionscadail a dhímheas mar a bhfuil tógáil ar siúl. Níltear ag dímeas tionscadal ach amháin tar éis dóibh bheith críochnaithe agus an tsócmhainn i mbun úsáide.

# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

## ***NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.) (Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)***

### **(1) Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta (ar lean.)**

#### **Sócmhainní Seasta agus Dímheas – Ar lean.**

Ní dhéantar aon soláthar do dhímheas talaimh. Tá sócmhainní seasta oibríochtúla eile á ndímheas ag modh na líne díri, de réir a saolré ionchais éifeachtach, mar seo a leanas:

	<b><u>Blianta</u></b>
Foirgneamh, Céanna	20-50
Forbairt Láithreáin, Bóithre, srl.	10-20
Dreidireacht Chaipitil	25
Pontúin	20
Craenacha, Castainní, Crocháin	10-20
Báid ar Snámh - Soithí	15-25
Mótarfheithiclí	4
Caiteachas TF	3-10
Innealra agus Trealamh Eile	5-20

#### **Sócmhainní Oidhreachta:**

Tá bailiúchán pictiúr ag an gcuideachta, a bhfuil mar chuid de freisin sceitsí agus grianghraif, bailiúchán a thuairiscítear sa ráiteas faoin staid airgeadais ag costas. Meastar saolré neamhchinntithe a bheith ag na pictiúir chomh maith le hardluach cónaithe; ní mheasann an cuideachta, mar sin de, go bhfuil sé cuí dímheas a ghearradh.

#### **Deontais & Ranníocaíochtaí i leith Costas Sócmhainní Seasta Inláimhsithe:**

Taispeántar Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Comhtháthaithe na hEorpa, TEN-T, SCE (Saoráid um Chónascadh na hEorpa) agus deontais agus ranníocaíochtaí eile i leith costas sócmhainne seasta inláimhsithe ar leithligh ar an gClár Comhardaithe mar chreidmheasanna iarchurtha, ag feitheamh ar aistriú chuig an Ráiteas Ioncaim ar an mbonn céanna is a dhímheastar na sócmhainní ábhartha.

#### **Airgeadra Iasachta:**

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí iasachta go Euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt. Níorbh ann d'aon Sócmhainní ná Dliteanais Airgeadaíochta a bhí ainmnithe in airgeadraí iasachta ag deireadh na bliana. Mínítear gach gnóthachan nó cailleanas malairte sa ráiteas ioncaim sa tréimhse sin ina n-eascraíonn siad.

#### **Stoic:**

Déantar stórais agus ábhair a luacháil ag costas agus gearrtar muirear orthu ag an bpraghas sin. Déantar míreanna atá sa stoc a dhíscríobh nuair a choimeádtar iad ar feadh breis is 3 bliana.

#### **Infheistíochtaí:**

Dearbhaítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí agus i gcuideachtaí comhlachaithe ag costas lúide soláthar do bhearnú.

# *CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ*

## ***NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.) (Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)***

### **(1) Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta (ar lean.)**

#### **Léasanna:**

Mar a maoinítear sócmhainní inláimhsithe trí chomhaontuithe léasaithe a thugann cearta atá cóngarach don úinéireacht ("Léasanna Airgeadais") pléitear leo faoi mar a cheannófaí ar fad iad ag luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa agus taispeántar na dliteanais chomhfhreagracha léasaithe sa ráiteas faoin staid airgeadais mar dhualgais léasa airgeadais.

Áirítear dímhéas ar shócmhainní léasaithe ar bhonn an mhéid chothroim thar shaolré mheasta ionchais na sócmhainní aonair. Gearrtar ús a eascraíonn ar léasanna airgeadais don ráiteas ioncaim de réir na méideanna atá gan íoc faoi na léasanna.

Caítear na híocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin de réir mar a fhabhraítear iad thar thréimhse na léasanna.

#### **Bearnú na Sócmhainní**

Déantar measúnú ar shócmhainní do tháscairí bearnaithe ag dáta gach cláir chomhardaithe. Más ann d'fhianaise oibiachtúil bhearnaithe, aithnítear cailteanas bearnaithe i mbrabús nó i gcaillteanas mar seo thíos.

##### **(a) Sócmhainní neamhairgeadais**

Déantar sócmhainn a bhearnú mar a bhfuil fianaise oibiachtúil ann, de dheasca imeachta amháin, nó níos mó, a tharla tar éis an aitheantais tosaigh, gur laghdáíodh luach measta in-aisghabhála na sócmhainne go dtí níos lú ná an tsuim ghlanluacha. Is é atá i gceist le suim in-aisghabhála shócmhainne ná suim níos airde a luacha chothroim lúide costais le díol agus a luach in úsáid.

Sa chás gurb ann do tháscairí do laghdú sa chailteanas bearnaithe, déantar an cailteanas bearnaithe roimh ré a thástáil chun aisiompú a chinneadh. Déantar cailteanas bearnaithe a aisiompú ar shócmhainn aonair bhearnaithe sa mhéid nach n-eascraíonn as an luach athbhreithnithe in-aisghabhála suim ghlanluacha athbhreithnithe atá níos airde ná an tsuim ghlanluacha mura n-aithneofaí bearnú ar bith.

##### **(b) Sócmhainní airgeadais**

Más rud é, ag deireadh na tréimhse tuairisceoireachta, gurb ann d'fhianaise oibiachtúil do bhearnú, aithníonn an chuideachta cailteanas bearnaithe sa chatagóir brabús nó cailteanas lom láithreach.

Sa chás gurb ann do tháscairí do laghdú sa chailteanas bearnaithe, agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le himeacht a tharlaíonn tar éis aitheantais an bhearnaithe, déantar an cailteanas bearnaithe roimh ré a thástáil chun aisiompú a thástáil. Déantar cailteanas bearnaithe a aisiompú ar shócmhainn airgeadais aonair bhearnaithe sa mhéid nach n-eascraíonn as an luach athbhreithnithe in-aisghabhála suim athbhreithnithe ghlanluacha atá níos airde ná an tsuim ghlanluacha sa chás nach n-aithneofaí aon bhearnú.

# *CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ*

## ***NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.) (Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)***

### **(1) Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta (ar lean.)**

#### **Cánachas**

Tugtar na cánacha reatha sna suimeanna a bhfuiltear ag dréim leis go n-íocfar iad (nó go n-aisghabfar iad) ag úsáid na rátaí agus dlíthe cánach a achtaíodh, nó a achtaíodh sa tsubstaint faoi dháta an ráitis faoin staid airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha i dtaca le gach difríocht uainithe a tionscnaíodh ach nár aisiompaíodh ag dáta an chláir chomhardaithe, mar ar tharla idirbhearta nó imeachtaí a bhfuil de thoradh orthu dualgas níos mó cánach a íoc sa todhchaí nó ceart níos lú cánach a íoc sa todhchaí, mar ar tharla na rudaí sin ag dáta an ráitis faoin staid airgeadais. Is é atá sna difríochtaí uainithe ná difríochtaí idir bhrabúis inchánach na cuideachta agus a cuid torthaí faoi mar a dhearbhaítear sna ráitis airgeadais a eascraíonn as ionchuimsiú gnóthachan agus cailleanas i measúnuithe cánach i dtréimhsí atá éagsúil ó na tréimhsí sin ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cailleanais chánach gan faoiseamh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile sa mhéid, bunaithe ar an bhfianaise ar fad atá ar fáil, gur féidir glacadh leis gur dóichí ná a chéile go mbeidh brabúis oiriúnacha chánach ann ónár féidir aisiompú na mbundifríochtaí uainithe a bhaint as.

Nuair a bhíonn an tsuim ar féidir í a bhaint as do shócmhainn a aithnítear i gcuallachtas gnó, nuair a bhíonn an tsuim sin níos lú (níos mó) ná an luach ag a n-aithnítear é, aithnítear dliteanas cánach iarchurtha (sócmhainn) don cháin bhreise a íocfar (a sheachnófar) i dtaca leis an difríocht sin. Ar an tslí chéanna, aithnítear sócmhainn (dliteanas) iarchurtha cánach don cháin bhreise a sheachnófar (a íocfar) mar gheall ar dhifríocht idir an luach ag a n-aithnítear dliteanas agus an méid a mheasúnófar do cháin.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag úsáid na rátaí cánach agus na ndlíthe cánach a achtaíodh nó a achtaíodh sa tsubstaint ag an ráiteas faoin staid airgeadais a nglactar leis go mbainfidh siad le feidhm i gcás aisiompú na difríochta uainithe.

Nuair a bhíonn míreanna a aithnítear in ioncam nó i gcothromas cuimsitheach eile inmhuirir nó asbhainteach do chuspóirí cánach, cuirtear an costas cánach reatha nó iarchurtha a eascraíonn as sin i láthair san eilimint chéanna ioncaim nó chothromais chuimsithigh mar an t-idirbheart nó imeacht eile a raibh mar thoradh air an costas nó an t-ioncam cánach.

Ní fhritháirítear sócmhainní agus dliteanas reatha cánach ach amháin nuair is ann do cheart atá in-fheidhmithe go dlíthiúil leis na suimeanna a fhritháireamh agus tá sé i gceist ag an gcuideachta cé acu socrú ar ghlanbhonn, sin nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh go comhuaineach.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanas chánach iarchurtha a fhritháireamh ach amháin: a) má tá ceart ag an gcuideachta atá in-fhorfheidhmithe go dlíthiúil chun sócmhainní reatha cánach a fhritháireamh le hais dliteanas reatha cánach, agus b) má bhaineann na sócmhainní cánach iarchurtha agus na dliteanas chánach iarchurtha le cánacha ioncaim a ghearrtar ag an údarás céanna cánachais ar an gcuideachta, agus é i gceist ag an gcuideachta cé acu dliteanas agus sócmhainní reatha c(h)ánach a ghlanadh ar ghlanbhonn, nó na sócmhainní a réadú agus na dliteanas a ghlanadh go comhuaineach, i ngach tréimhse sa todhchaí ina nglactar leis go socrófar nó go n-aisghabfar suimeanna suntasacha dliteanas nó sócmhainní cánach iarchurtha.

# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

## ***NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.) (Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)***

### **(1) Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta (ar lean.)**

#### **Costais Scoir:**

Do scéimeanna le sochar sainithe is iad na suimeanna a ghearrtar don bhrabús oibriúcháin ná na costais a eascraíonn as seirbhísí fostaí a sholáthraítear le linn na tréimhse chomh maith le costas tabhairt isteach pleananna, athruithe i sochair, socruithe agus ciorrúcháin. Cuirtear san áireamh iad mar chuid de chostais na foirne. Gearrtar an glanchostas úis ar an nglanlíteanas do shochar sainithe don bhrabús nó don chaillteanas agus cuirtear sin san áireamh laistigh de na costais airgeadais. Aithnítear atomhas, a chuimsíonn gnóthachain agus caillteanais achtúireacha chomh maith leis an sochar ar shócmhainní scéime (seachas suimeanna a chuirtear san áireamh sa ghlanús ar an nglanlíteanas don sochar sainithe), aithnítear an t-atomhas sin láithreach in ioncam cuimsitheach eile.

Maoinítear scéimeanna le sochar sainithe, agus sócmhainní na scéime á gcoimeád ar leithligh ó shócmhainní na cuideachta, i gcistí ar leith a riartar ag na hiontaobhaithe. Tomhaistear sócmhainní scéime pinsin ag a luach cothrom agus tomhaistear dliteanais ar bhonn achtúireach, ag úsáid modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Faightear luachálacha achtúireacha ar a laghad trí huair in aghaidh na bliana, agus déantar iad a nuashonrú ag dáta gach clár chomhardaithe.

Do scéimeanna le ranníocaíocht shainithe is ionann na suimeanna a ghearrtar don chuntas brabúis agus caillteanais i dtaca le costais phinsin agus sochair iarscoir eile agus na ranníocaíochtaí atá iníoctha le linn na bliana. Taispeántar difríochtaí idir ranníocaíochtaí atá iníoctha sa bhliain agus na ranníocaíochtaí a íoctar dáiríre, cé acu mar fabhrúite nó mar réamhíocaíochtaí sa chlár comhardaithe.

Tomhaistear sochair eile a bhaineann le fostaithe fadtéarmacha ag luach reatha an rogha shochair ag an dáta tuairiscithe.

#### **Ionstraimí Airgeadais:**

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais nuair a dhéantar páirtí den chuideachta d'fhorálacha conartha na hionstraime.

Aicmítear dliteanais airgeadais agus ionstraimí cothromais de réir substaint na socruithe conartha a rinneadh. Is é atá in ionstraim chothromais ar bith ná aon chonradh a thugann fianaise faoi leas iarmharach i sócmhainní na cuideachta tar éis a cuid dliteanas ar fad a bhaint as.

#### *Sócmhainní agus dliteanais airgeadais*

I dtús báire tomhaistear gach sócmhainn airgeadais agus gach dliteanas airgeadais ag praghas an idirbhirt (costais idirbhirt san áireamh), seachas na sócmhainní airgeadais sin a aicmítear mar cinn a bhfuil luach cothrom ag baint leo trí bhrabús nó trí chaillteanas, a thomhaistear i dtús báire ag luach cothrom, (ar ionann sin de ghnáth agus praghas an idirbhirt gan costais an idirbhirt a chur san áireamh), ach amháin más idirbheart maoinithe atá sa socrú. Más idirbheart maoinithe atá i socrú, tomhaistear an tsócmhainn airgeadais nó an dliteanas airgeadais ag luach reatha na n-íocaíochtaí todhchaí, agus iad lascainithe ag ráta margaidh úis d'ionstraim fhiachais den chineál céanna.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh sa ráiteas faoin staid airgeadais ach amháin nuair is ann do cheart atá in-fhorfheidhmithe go dlíthiúil na suimeanna aitheanta a fhritháireamh, agus é i gceist ag an gcuideachta an dliteanas a ghlanadh ar ghlanbhonn, sin nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh go comhuaineach.



# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

## **NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)** **(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)**

### **(1) Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta (ar lean.)**

#### **Ionstraimí Airgeadais – ar lean.**

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais amháin a) nuair a éagann nó a ghlantar na cearta conartha ar an sreabhadh airgid ón tsócmhainn airgeadais, b) nó nuair a aistríonn an chuideachta chuig páirtí eile sa tsubstaint rioscaí agus luach saothair ar fad úinéireacht na sócmhainne airgeadais, nó c) nuair a d'aistrigh an chuideachta rialú na sócmhainne chuig páirtí eile, in ainneoin gur choimeád sí cuid de rioscaí agus luach saothair suntasach na húinéireachta, ach ní hiad ar fad.

Dí-aithnítear dliteanais airgeadais amháin nuair a ghlantar, nuair a chuirtear ar ceal nó nuair a éagann an dualgas atá sonraithe sa chonradh.

### **(2) Breithiúnais Chuntasaíochta Criticiúla agus Príomhfhoinsí Neamhchinnteachta Meastacháin**

Agus iad ag cur i bhfeidhm polasaithe cuntasaíochta na cuideachta, a gcuirtear síos orthu i nóta 1, bíonn iachall ar na stiúrthóirí breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh faoi na suimeanna agus faoi na dliteanais ghlanluacha nach bhfuil follasach go réidh ó fhoinsí eile. Bíonn na meastacháin agus na boinn ghaolmhara tuisceana bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile a meastar iad a bheith ábhartha. Is féidir go mbeidh na torthaí iarbhire éagsúil ó na meastacháin sin. Athbhreithnítear na meastacháin agus na bunbhoinn tuisceana ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa bhliain airgeadais óna ndéantar athbhreithniú ar an meastachán, má théann an t-athbhreithniú i bhfeidhm ar an mbliain airgeadais sin amháin, nó i mbliain airgeadais an athbhreithnithe agus i mblianta airgeadais sa todhchaí má théann an t-athbhreithniú i bhfeidhm ar bhlianta reatha airgeadais agus ar bhlianta airgeadais sa todhchaí araon.

#### **Breithiúnais chriticiúla i dtaca le cur i bhfeidhm pholasaithe cuntasaíochta na cuideachta**

Seo a leanas na breithiúnais chriticiúla, seachas iad sin ina bhfuil meastacháin i gceist, atá déanta ag na stiúrthóirí agus iad i mbun polasaithe cuntasaíochta na cuideachta a chur i bhfeidhm, agus a bhfuil an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

#### **Príomhfhoinsí na neamhchinnteachta meastacháin – Dualgais sochar sainmhínithe**

Tá breithniú déanta ag na stiúrthóirí maidir leis na boinn tuisceana atá riachtanach chun dliteanas na cuideachta a luacháil i dtaca leis an scéim phinsin le sochar sainmhínithe. Is é atá sna boinn tuisceana a rinneadh i dtaca leis an ráta lascaine, le boilsciú, le méaduithe pinsin sa todhchaí agus le hábharthacht ná meastacháin is fearr na stiúrthóirí, agus rinneadh iad i gcomhar le comhairleoirí pinsin na cuideachta.

#### **Príomhfhoinsí meastacháin – Saolréanna Ionchais Measta**

Chun an muirear bliantúil dímheasa agus suim an amúchta dheontais a chinneadh do gach catagóir shócmhainne tá ceangal ar an gcuideachta meastachán a dhéanamh de shaolréanna ionchais measta a cuid sócmhainní a mbeadh an tsócmhainn le dímheas nó an deontas le hamúchadh tharstu.

### **(3) Láimhdeachas**

Cuimsíonn láimhdeachas luach sonraise na seirbhísí sin a sholáthraítear ag an gcuideachta, gan CBL a chur san áireamh. Eascraíonn an láimhdeachas ar fad i bPoblacht na hÉireann.

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)**

	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
<b>(4) Costas na nDíolachán:</b>		
Oibriúchán & Cothabháil	14,664,685	16,388,540
Dreidireacht	676,583	599,123
(Glan)dímheas	3,996,431	3,780,906
	19,337,699	20,768,569
	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
<b>(5) Riarachán &amp; Caiteachas Ginearálta:</b>		
Caiteachas Ginearálta Riaracháin	6,580,150	7,056,186
Rátaí Údaráis Áitiúil	507,398	815,296
Cur chun Cinn Trádála	134,678	409,460
Soláthar & Ranniocaíochtaí Pinsin	1,041,424	1,311,832
Táille Iniúchta	42,950	42,950
	8,306,600	9,635,724
	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
<b>(6) Diúscairt Sócmhainní Seasta:</b>		
Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	5,415	229,048
	5,415	229,048
	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
<b>(7) (Glan)chostais Airgeadais:</b>		
Ús Bainc & ús eile iníoctha	(639,195)	(365,879)
Glanchostais Úis ar Scéimeanna Pinsin	(95,000)	(146,000)
	(734,195)	(511,879)

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)**

<b>(8) Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas:</b>	<b><u>2020</u></b>	<b><u>2019</u></b>
Dearbhaítear an Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí tar éis seo a ghearradh:	€	€
Luach Saothair na nIníúcháirí:		
Seirbhísí Iniúchta	42,950	42,950
Seirbhísí eile Ráthaíochta	4,100	4,200
Seirbhísí Comhlíontachta Cánach & Comhairleacha	45,500	42,310
Seirbhísí Neamhiniúchta	1,250	7,808
Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	5,415	229,048
Dímheas	4,857,313	4,641,788
agus tar éis seo a chur do Shochar:		
Deontais AE agus Rialtais	860,882	860,882

Míníodh an brabús tar éis cánachais don bhliain atá inchurtha i leith scairshealbhóirí cothromais, ar luach €4,822,545 (2019: €6,067,098) i ráitis airgeadais na cuideachta. De réir Ailt 304(2) d’Acht na gCuideachtaí 2014, tá an chuid ag baint leasa as an díolúine ó chur a Ráitis Aonair Ioncaim i láthair don Chruinniú Cinn Bliana. Bhain an chuideachta leas freisin as an díolúine maidir le comhdú a Ráitis Aonair Ioncaim le Cláráitheoir na gCuideachtaí, faoi mar a cheadaítear ag Acht na gCuideachtaí, 2014.

<b>(9) Líon agus Costais na Foirne:</b>	<b><u>2020</u></b>	<b><u>2019</u></b>
Seo a leanas meánlíon míosúil na ndaoine a bhí fostaithe ag an gcuideachta le linn na bliana airgeadais:	155	159
Seo a leanas Costais Chomhiomlána Phárolla na ndaoine seo:	<b><u>2020</u></b>	<b><u>2019</u></b>
	€	€
Pá agus Tuarastal	10,209,732	10,853,818
Costais Slándála Sóisialaí	1,086,126	1,169,237
Costais Sochair Scoir	1,041,424	1,311,832
	12,337,282	13,334,887

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)**

(9) Líon agus Costais na Foirne – ar lean.:	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
Táillí na Stiúrthóirí	92,703	109,555
Luach Saothair eile na Stiúrthóirí	334,864	290,834
Ranníocaíochtaí don scéim phinsin le ranníocaíocht shainithe	40,350	43,768
	40,350	43,768

Tá na suimeanna eile ar gá á bhfaisnéisiú de réir A. 305/306 d'Acht na gCuideachtaí 2014 don 2 bhliain nialasach.

Tá san áireamh i dtáillí agus luach saothair na stiúrthóirí thuas pacáiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, mar seo a leanas:

Táillí Stiúrthóra	8,423	12,600
Tuarastal iomlán	228,761	175,071
Sochair eile lena n-áirítear		
Costais Phinsin & Costas an Chairr Chuideachta	48,967	52,392
	286,151	240,063

Ba é luach iomlán an chúitimh don phríomhphearsanra bhainistíochta ná: €1,174,963 (2019: €1,196,644).

(10) Cánachas:	<u>2020</u>	<u>2019</u>
(a) Anailís den Mhuirear Cánach	€	€
Muirear na Cánach Corp. ar Bhrabús don Bhliain Airgead.	(548,626)	(777,680)
(Muirear)/Creidmheas Iarchurtha Cánachais	(62,528)	(82,093)
	(611,154)	(859,773)
(b) <b>Fachtóirí a théann i bhfeidhm ar an Muirear Cánach</b>	<u>2020</u>	<u>2019</u>
Tá an cháin a measúnaíodh don bhliain airgeadais níos airde ná an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann. Mínítear na difríochtaí thíos:	€	€
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	5,284,763	6,873,970
Brabús ag an ráta caighdeánach cánach de 12.5%	660,595	859,246
Difríocht idir liúntais chaipitil le hais dímheasa	(31,787)	27,655
Glansuimeanna (nach bhfuil)/atá inchánach	(80,182)	(109,221)
Aisíocaíocht DIRT	-	-
Muirear Iarchurtha Cánachais	62,528	82,093
	611,154	859,773

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

### NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN) (Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)

	Struchtúir Dhuga €	Gléasra & Innealra €	Báid Snámha €	Dreidir. Chaipitil €	Foirgnimh €	Talamh & Léasachtaí €	CIP €	Iomlán €
<b>(11) Sóc. Inláimhsithe - Grúpa:</b>								
<b>Ollmhéid:</b>								
Costas ag 1 Eanáir 2020	95,183,897	34,849,906	11,145,313	4,298,419	13,161,729	23,877,280	43,503,721	226,020,265
Breiseanna	(229,137)	2,005,446	29,759	-	16,363	-	29,449,814	31,272,245
Díúscairtí	-	(101,541)	-	-	-	-	-	(101,541)
Costas ag 31 Nollaig 2020	94,954,760	36,753,811	11,175,072	4,298,419	13,178,092	23,877,280	72,953,535	257,190,969
<b>Dímheas:</b>								
Ag 1 Eanáir 2020	48,807,212	27,870,009	8,121,224	3,925,888	7,200,457	-	-	95,924,790
Soláthraithe le linn na bliana airgead.	2,514,806	1,290,226	512,594	171,937	367,750	-	-	4,857,313
Díúscairtí	-	(61,955)	-	-	-	-	-	(61,955)
Ag 31 Nollaig 2020	51,322,018	29,098,280	8,633,818	4,097,825	7,568,207	-	-	100,720,148
<b>Suim ghlanluacha:</b>								
Ag 1 Eanáir 2020	46,376,685	6,979,897	3,024,089	372,531	5,961,272	23,877,280	43,503,721	130,095,475
Ag 31 Nollag 2020	43,632,742	7,655,531	2,541,254	200,594	5,609,885	23,877,280	72,953,535	156,470,821

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

### NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN) (Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)

(11) Sóc. Inláimh. - Cuideachta:	Struchtúir Dhuga €	Gléasra & Innealra €	Báid Snámha €	Dreidir. Chaipitíl €	Foirgnimh €	Talamh €	CIP €	Iomlán €
<b>Ollmhéid:</b>								
Costas ag 1 Eanáir 2020	95,183,897	34,768,471	11,145,313	4,298,419	13,161,729	19,850,892	43,503,721	221,912,442
Breiseanna	(229,137)	2,005,446	29,759	-	16,363	-	29,449,814	31,272,245
Diúscairtí	-	(101,541)	-	-	-	-	-	(101,541)
Costas ag 31 Nollaig 2020	94,954,760	36,672,376	11,175,072	4,298,419	13,178,092	19,850,892	72,953,535	253,083,146
<b>Dímheas:</b>								
Ag 1 Eanáir 2020	48,807,212	27,788,574	8,121,224	3,925,888	7,200,457	-	-	95,843,355
Soláthraithe le limn na bliana airgead.	2,514,806	1,290,226	512,594	171,937	367,750	-	-	4,857,313
Diúscairtí	-	(61,955)	-	-	-	-	-	(61,955)
Ag 31 Nollaig 2020	51,322,018	29,016,845	8,633,818	4,097,825	7,568,207	-	-	100,638,713
<b>Suim Ghlanluacha:</b>								
Ag 1 Eanáir 2020	46,376,685	6,979,897	3,024,089	372,531	5,961,272	19,850,892	43,503,721	126,069,087
Ag 31 Nollaig 2020	43,632,742	7,655,531	2,541,254	200,594	5,609,885	19,850,892	72,953,535	152,444,433

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)**

**(12) Sóc. Seasta Inláimhsithe – Sóc. Oidhr.:**

Sna sócmhainní seasta tá sócmhainní oidhreachta, mar a fhorordaítear faoi FRS 102, mar seo:

<u>Costas</u>	<b>Pictiúir</b>	<b>Iomlán</b>
	€	€
1 Eanáir 2020	312,699	312,699
Breiseanna	-	-
31 Nollaig 2020	312,699	312,699
Ag Luacháil	-	-
Ag Costas	312,699	312,699
Iomlán	312,699	312,699

<b>Achoimre Airgead. 5 bliana de Shóc. Oidh.</b>	<b>2020</b>	<b>2019</b>	<b>2018</b>	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	€	€	€	€	€
Ceannacháin		-	-	-	-
Tabhartais		-	-	-	-
Líon iomlán breiseanna		-	-	-	-
<u>Diúscairtí</u>					
Suim ghlanluacha		-	-	-	-
Fáltais Díolacháin		-	-	-	-

**Le hais na bliana roimhe sin**

Sna sócmhainní seasta tá sócmhainní oidhreachta, mar a fhorordaítear faoi FRS 102, mar seo:

<u>Costas</u>	<b>Pictiúir</b>	<b>Iomlán</b>
	€	€
1 Eanáir 2020	312,699	312,699
Breiseanna	-	-
31 Nollaig 2020	312,699	312,699
Ag Luacháil	-	-
Ag Costas	312,699	312,699
Iomlán	312,699	312,699



## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)**

(13) Sócmhainní Airgeadais:	2020	2020	2019	2019
	GRÚPA	CUID.	GRÚPA	CUID.
Infheistíochtaí i bhFochuideachtaí, i gCuideachtaí Comhlachtaithe & Eile	€	€	€	€
Costas ag 1 Eanáir	-	3,392,985	-	3,392,985
Infheist. i gCuideachta Chomhlachtaithe	40,000	40,000	40,000	40,000
Ias.do Chuideachta Chomhlachtaithe	3,160,000	3,160,000	3,160,000	3,160,000
Cion Chaill. Chuideachta Chomhlachtaithe	(486,670)	-	(394,830)	-
Iarmhéid ag 31 Nollaig	<u>2,713,330</u>	<u>6,592,985</u>	<u>2,805,170</u>	<u>6,592,985</u>

Tá san áireamh infheistíochtaí i bhFochuideachtaí, Cuideachtaí Comhlachtaithe agus Infheistíochtaí Eile:

- (a) **Seirbhísí Chríochfoirt Phort Chorcaí Teoranta**, ar scairshealbhóirí 100% cláraithe iad ainmnithe Chuideachta Phort Chorcaí. Tá an chuideachta seo corpraithe i bPoblacht na hÉireann, le seoladh cláraithe ag Foirgneamh Críochfoirt Tivoli, Duga & Eastát Tionsclaíochta Tivoli, Corcaigh, T23 YNT9. Soláthraíonn an chuideachta seirbhísí stíbheadóireachta i bPort Chorcaí.
- (b) Tá **Aniram MDA Teoranta** i seilbh 100% Chuideachta Phort Chorcaí. Tá an chuideachta seo corpraithe i bPoblacht na hÉireann, le seoladh cláraithe ag Foirgneamh Críochfoirt Tivoli, Duga & Eastát Tionsclaíochta Tivoli, Corcaigh, T23 YNT9. Is í príomhghníomhaíocht na cuideachta ná bainistiú agus forbairt na réadmhaoine léasachta atá i seilbh na cuideachta.
- (c) Is cuideachta neamhthrádála é **Gaelic Ferries Teoranta**, le seoladh cláraithe ag An Feistiú, Cúirt na Mara, Na Creagacha Dubha, Dún Dealgan, Co. Lú a bhfuil sainleas gaolmhar de 28.4% ag Cuideachta Phort Chorcaí ann.
- (d) **Cuideachta Phort Bhá Bheanntraí Teoranta**. Ar 1 Eanáir 2014 aistríodh gníomhaíochtaí, sócmhainní agus trádáil Choimisinéirí Chuan Bhá Bheanntraí chuig Cuideachta Phort Chorcaí. Bunaíodh fochuideachta, Cuideachta Phort Bhá Bheanntraí Teoranta, chun gníomhaíochtaí Chuan Bheanntraí a bhainistiú.
- (e) Cuideachta is ea **Cuideachta Forbartha Belvelly Marino DAC** a bhfuil 40% den scairchaipiteal i seilbh Chuideachta Phort Chorcaí, a bunaíodh chun Pointe Marino, an Cóbh, Contae Chorcaí a cheannach agus a athfhorbairt.

(14) Féichiúnaithe:	2020	2020	2019	2019
	GRÚPA	CUID.	GRÚPA	CUID.
<b>Suimeanna atá le bheith dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin:</b>	€	€	€	€
Féichiúnaithe Trádála	4,471,717	4,221,308	5,052,114	4,478,836
Cist Aoisliúntais Phort Chorcaí	1,420,509	1,420,509	1,421,340	1,421,340
CBL	206,559	198,905	873,910	869,708
Féichiúnaithe eile	1,554,841	1,464,742	1,159,455	1,069,355
Cánacha Corparáideacha	230,841	252,269	515,783	515,783
Suim. dlite ó Fhochuideachta	-	850,503	-	850,503
	<u>7,884,467</u>	<u>8,408,236</u>	<u>9,022,602</u>	<u>9,205,525</u>

Tá an tsuim atá dlite ó fhochuideachta neamhurráite, saor ó ús agus tá sí inaisíoctha ar éileamh.

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

### NOTES TO THE CONSOLIDATED FINANCIAL STATEMENTS (CONTINUED) (For the financial year ended 31 December 2017)

(15) Creidiúnaithe:	2020	2020	2019	2019
	GRÚPA	CUID.	GRÚPA	CUID.
<b>Suimeanna atá le bheith dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin:</b>	€	€	€	€
Creidiúnaithe Trádála	680,148	675,381	1,077,413	1,076,876
Fabhruithe	8,838,255	8,502,247	5,550,444	4,472,076
Iasachtaí (Nóta 16)	3,168,526	3,168,526	2,666,896	2,666,896
Cánacha Párolla	456,215	437,473	426,861	416,147
ÁSPC	173,985	166,325	188,470	180,916
Suimeanna atá dlite d'fhochuideachta	-	90,000	-	132,745
	<u>13,317,129</u>	<u>13,039,952</u>	<u>9,910,084</u>	<u>8,945,656</u>

Tá an tsuim atá dlite don fhochuideachta neamhurráithe, saor ó ús agus tá sí inaisíoctha ar éileamh.

(16) Fiach Caipitil - Grúpa agus Cuideachta:	2020	2019		
(a) <b>Suimeanna atá le bheith dlite tar éis níos mó ná bliain airgeadais amháin:</b>	€	€		
Iasachtaí – In-aisíoctha ina thráthchodanna 2 - 3 bl	7,837,052	5,833,791		
Iasachtaí – In-aisíoctha ina thráthchodanna 4 - 5 bl	7,356,314	5,833,791		
Iasachtaí – In-aisíoctha ina thráthchodanna tar éis 5 bl.	22,001,270	12,446,742		
	<u>37,194,636</u>	<u>24,114,324</u>		
(b) <b>Coimeádtar Fiach. Caip. mar seo:</b>	2020	2020	2019	2019
	€	€	€	€
Iníoctha	- 1 bhliain	+ 1 bhliain	- 1 bhliain	+ 1 bhliain
Stoc dofhuascailte			-	1,270
<b>Iasacht Bhaine:</b>				
Inais-íoctha faoi 2024	3,168,526	37,194,636	2,666,896	24,113,054
<b>Fiach Caipitil Iomlán</b>	<u>3,168,526</u>	<u>37,194,636</u>	<u>2,666,896</u>	<u>24,114,324</u>

(17) Deontais Chaipitil – Grúpa & Cuideachta:	2020	2019
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	24,370,827	23,034,614
Deontais Faighte	803,789	2,197,095
Deontais Amúchta	(860,882)	(860,882)
Iarmhéid Deiridh	<u>24,313,734</u>	<u>24,370,827</u>

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)**

(18) Soláthar do Dhliteanas– Grúpa & Cuideachta:	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
Cánachas iarchurtha	637,711	282,933
Ciste Aoisliúntais Phort Chorcaí	1,906,000	1,850,000
Pinsin (féach Nóta 21)	6,117,000	8,511,000
	8,660,711	10,643,933
Cánachas iarchurtha:		
Leagtar amach thíos na suimeanna a sholáthraítear don ábhar dliteanais chánachais iomlán iarchurtha:		
Ar dhifríocht idir dímheas carntha agus amúchadh na Liúntas Caipitil	1,640,586	1,578,058
Ar an Scéim Phinsin le Sochar Sainithe	(764,625)	(1,063,875)
Ar Scéim Aoisliúntais Phort Chorcaí	(238,250)	(231,250)
	637,711	282,933
	637,711	282,933
	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	€	€
(19) Scairchaipiteal Glaoite Curtha i Láthair mar Chaipiteal Gnáthscaireanna – Grúpa agus Cuideachta:		
Caipiteal Gnáthscaireanna:		
Údaraithe:		
47,000,000 Gnáthscair, €1.25 an ceann	58,750,000	58,750,000
Cionroinnte, eisithe agus láníochta:		
18,014,977 Gnáthscair cionroinnte, eisithe & láníochta ag €1.25 an ceann	22,518,722	22,518,722
	22,518,722	22,518,722
	22,518,722	22,518,722

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)**

<b>(20) Gluaiseachtaí ar Chúlchistí:</b>	<b><u>2020</u></b>	<b><u>2020</u></b>	<b><u>2019</u></b>	<b><u>2019</u></b>
<b>Cúlchiste Comhshóite Caipitil:</b>	<b><u>Grúpa</u></b>	<b><u>Cuid.</u></b>	<b><u>Grúpa</u></b>	<b><u>Cuid.</u></b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir	267,320	267,320	267,320	267,320
Gluaiseacht don Bhliain Airgeadais	-	-	-	-
<b>Iarmhéid Deiridh ag 31 Nollaig</b>	<b><u>267,320</u></b>	<b><u>267,320</u></b>	<b><u>267,320</u></b>	<b><u>267,320</u></b>
<b>Cúlchiste Caipitil:</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir	989	-	989	-
Gluaiseacht don Bhliain Airgeadais	-	-	-	-
<b>Iarmhéid Deiridh ag 31 Nollaig</b>	<b><u>989</u></b>	<b><u>-</u></b>	<b><u>989</u></b>	<b><u>-</u></b>
<b>Cuntas Brabúis &amp; Cailteanais:</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir	64,240,768	64,316,950	59,155,571	59,178,852
Brabús don bhliain airgeadais	4,673,609	4,822,545	6,014,197	6,067,098
Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach Aitheanta ar Scéimeanna Pinsin	1,573,000	1,573,000	(861,000)	(861,000)
(Cailteanas)/ Gnóthachan Achtúireach Aitheanta ar Dhliteanas Ciste Aoisliúntais Phort Chorcaí	(56,000)	(56,000)	235,000	235,000
Díbhinn Íoctha	-	-	(250,000)	(250,000)
Cáin iarchurtha bainteach le Dlíteanas Achtúireach	(292,250)	(292,250)	(53,000)	(53,000)
<b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>	<b><u>70,139,127</u></b>	<b><u>70,364,245</u></b>	<b><u>64,240,768</u></b>	<b><u>64,316,950</u></b>
Cúlchistí Iomlána	<b><u>71,018,590</u></b>	<b><u>71,052,495</u></b>	<b><u>64,509,077</u></b>	<b><u>64,584,270</u></b>

Is é atá i gceist leis an gcúlchiste brabúis agus cailteanais brabúis nó cailteanais charnacha, brabús neamhréadaithe ar atomhas réadmhaoine infheistíochta san áireamh, glan ar dhíbhinní íoctha agus coigeartuithe eile.

Is é atá i gceist leis an gcúlchiste comhshóite caipitil ná an difríocht a d'eascair ar chomhshóiteacht scaireanna na cuideachta ag eascairt as tabhairt isteach an euro.

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

### **NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)** ***(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)***

#### **(21) Scéimeanna Pinsin:**

##### **(a) Luacháil Achtúireach**

Sainmhíonn an Chuideachta scéimeanna pinsin le sochar sainithe. Cuireadh an luacháil achtúireach iomlán is déanaí Scéimeanna na Cuideachta i gcrích ar 1 Eanáir 2018 ag Mercer Limited, Achtúirigh agus Sainchomhairleoirí, ag úsáid luacháil íoschaighdeáin mhaoinithe na ndliteanas. Ag dáta na luachála achtúirí ba é luach margaidh shócmhainní na scéimeanna ná €46.62 milliún agus thaispeáin an luacháil achtúireach go raibh luach achtúireach na sócmhainní sin ag leibhéal 87% na sochar a bhí fabhraithe ag na baill. Ba é méid na ranníocaíochtaí don bhliain airgeadais €1.75 milliún (2019: €1.88 milliún) de réir comhairle achtúirí neamhspleáiche agus cáilithe go proifisiúnta.

Rinne Cuideachta Phort Chorcaí íocaíochtaí pinsin ar luach iomlán €3.18 milliún le linn 2020 (2019: €3.27 milliún), ar son Ciste Aoisliúntais Chuideachta Phort Chorcaí.

Bhunaigh Bord Stiúrthóirí Chuideachta Phort Chorcaí scéim phinsin le sochar sainithe d'fhostaithe nua le feidhm ó 1 Eanáir 2006. D'íoc an Chuideachta suim ar €482,328 (2019: €446,846) chuig na scéimeanna pinsin le sochar sainithe le linn 2020. Leantar ar aghaidh leis na scéimeanna pinsin le sochar sainithe do dhaoine ar baill cheana féin iad.

##### **(b) Faisnéisithe**

##### **Boinn Tuisceana Airgeadais:**

Seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun na dliteanais scoir a áireamh ag 31 Nollaig:

<b>Modh Luachála</b>	<b>Aonad Tuartha 2020</b>	<b>Aonad Tuartha 2019</b>
Ráta Lascaine	1.00%	1.25%
Ráta Boilscithe	1.25%	1.25%
Méaduithe Tuarastail	2.50%	2.50%
Méaduithe Pinsin	0.00%	0.00%

##### **Boinn Tuisceana Mortlaíochta:**

Seo na boinn tuisceana a bhaineann le hionchas saoil ar scor do na baill sin a théann ar scor in aois 65 bliana:

<b>Ag dul ar scor inniu</b>	<b>2020</b>	<b>2019</b>
Fir	22.5	22.5
Mná	24.4	24.3
<b>Ag dul ar scor i gceann 25 bliana</b>		
Fir	24.8	24.7
Mná	26.7	26.6

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)**

**(21) Scéimeanna Pinsin –ar lean.:**

Ba é luach margaidh na sócmhainní sna scéimeanna pinsin (Cuideachta Phort Chorcaí agus Údarás Píolótaíochta Phort Chorcaí) (na scéimeanna) agus na ndliteanas ag 31 Nollaig, ná:

	<b>Luach Margaidh ag 31 Nollaig</b>	
	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Gnáthscaireanna	20,327	23,277
Bannaí	33,593	28,248
Airgead/Eile	2,861	2,889
	56,781	54,414
Luach reatha na ndliteanas scéime pinsin	(62,898)	(62,925)
Glaneasnamh sna scéimeanna pinsin	(6,117)	(8,511)
Sócmhainn chánach ghaolmhar iarchurtha	765	1,064
Glandliteanas pinsin	(5,352)	(7,447)

Agus luach margaidh na sócmhainní thuas á n-áireamh, baineadh as suim ar luach €1.421m (2019: €1.421m) a bhí dlite do Chuideachta Phort Chorcaí. Tá Dliteanas Caipitil ar leith ag Cuideachta Phort Chorcaí ar luach €1.91m (2019: €1.85 m) fágtha ar leataobh ó na háirimh thuas, a bhaineann le Coiste Aoisliúntais Phort Chorcaí amháin. Cuirtear na suimeanna seo san áireamh, áfach, sa Ráiteas Comhdhlúite faoin Staid Airgeadais faoi mar a mhínítear sin i nótaí 14 agus 18 faoi seach.

	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
(i) Anailís faoin tsuim a ghearrtar ar an mbrabús oibriúcháin		
Costas Reatha Seirbhíse	796	641
	796	641
(ii) Anailís faoin tsuim a ghearrtar ar ioncam airgeadais eile:		
Ús ar dhliteanas scéime	767	1,078
Ioncam úis	(672)	(932)
	95	146
<b>Boinn Tuisceana Airgeadais :</b>	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
(iii) Anailís ar an tsuim a aithnítear sa ráiteas gnóthachan agus cailteanas iomlán aitheanta (ráiteas comhdhlúite ioncaim chuimsithigh):		
Toradh iarbhir lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime	3,005	5,081
Gnóthachain/(cailteanas) ó thaithí	735	(374)
Athruithe sna boinn tuisceana	(2,167)	(5,568)
Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach aitheanta sa ráiteas comhdhlúite ioncaim chuimsithigh	1,573	(861)

## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

***NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)***  
***(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)***

**(21) Scéimeanna Pinsin – ar lean:**

**(b) Faisnéisithe – ar lean.**

**Boinn Tuisceana Airgeadais – ar lean.:**

(iv) Anailís ar an ngluaiseacht easnaimh le linn na bliana airgeadais:

	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	<u>€000</u>	<u>€000</u>
(a) Athrú sa dualgas sochair		
Dualgas sochair ag tús na bliana airgeadais	62,925	58,366
Costas seirbhíse	796	641
Costas úis	767	1,078
Ranníocaíochtaí rannpháirtithe an phlean	162	164
Caillteanas achtúireach	1,432	5,942
Sochair íochta	(3,184)	(3,266)
<b>Dualgas sochair ag deireadh na bliana airgeadais</b>	<b>62,898</b>	<b>62,925</b>
(b) Athrú sna sócmhainní plean		
Luach cothrom shóc. an phlean ag tús na bliana airgeadais	54,414	49,666
Ioncam úis	672	932
Gnóthachan achtúireach	3,005	5,081
Ranníocaíochtaí fostóra	1,750	1,875
Ranníocaíochtaí rannpháirtithe an phlean	162	164
Sochair íochta ón bplean	(3,184)	(3,266)
Costais íochta	(38)	(38)
<b>Luach cothrom shóc. an phlean ag deir. na bliana airg.</b>	<b>56,781</b>	<b>54,414</b>

Leagtar amach thíos an faisnéisiú measta ráitis ioncaim do 2021. Tabharfar seo chun críche ag deireadh 2021 chun na tuarastail iarbhíre a léiriú a íocadh le linn na bliana, aon mhéaduithe a deonadh agus aon athruithe suntasacha ballraíochta. Is fachtóir é an ráta ionchais toraidh ar na sócmhainní a bhí faisnéisithe ag 31 Nollaig 2020, agus an costas seo á chinneadh.

<b>An tSuim a Gearradh ar an mBrabús Oibriúcháin</b>	<b>€000</b>
Costas Reatha na Seirbhíse	837
	837
<b>Suim curtha do Shochar chuig Ioncam Eile Airgeadais</b>	
Ús ar Dhhliteanais	615
Toradh Ionchais ar Shócmhainní	(524)
	91
<b>Ráiteas Ioncaim 2021</b>	<b>928</b>



## CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020)**

**(21) Scéimeanna Pinsin – ar lean:**

**(b) Faisnéisithe – ar lean.**

**Boinn Tuisceana Airgeadais – ar lean:**

<b>Stair na nGnóthachan agus na gCailteanas ó Thaithí</b>	<b><u>2020</u></b>	<b><u>2019</u></b>	<b><u>2018</u></b>	<b><u>2017</u></b>	<b><u>2016</u></b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Toradh iarbhir lúide an toradh ionchais ar shócmhainní scéime	3,005	5,081	(1,665)	833	1,605
% de shócmhainní na scéime	5.92%	9.34%	(3.35%)	1.60%	3.08%
Gnóthachain agus cailteanais ó thaithí	735	(374)	301	(191)	(231)
% de luach reatha na ndliteanas scéime	1.17%	(0.59%)	0.52%	(0.31%)	(0.37%)
Gnóthachain agus Cailteanais Achtúireacha atá aitheanta sa ráiteas comhdhlúite faoi ioncam cuimsitheach	1,573	(861)	(277)	1,438	(4,143)
% de luach reatha na ndliteanas scéime	2.50%	(1.58%)	(0.56%)	2.35%	(6.57%)

**(22) Ceangaltais Chaipitil – Grúpa & Cuideachta:**  
 Caiteachas caipitil a bhfuarthas conradh dó ach nach ndearnadh soláthar dó sna Ráitis Airgeadais.

<b><u>2020</u></b>	<b><u>2019</u></b>
<b>€</b>	<b>€</b>
13,294,748	35,307,588

**Ionstraimí Airgeadais:**

**(23)**

<b><u>2020</u></b>	<b><u>2019</u></b>
<b>€</b>	<b>€</b>

Tugtar achoimriú faoi shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanais airgeadais an ghrúpa thíos:

**Sócmhainní Airgeadais**

Tomhaiste ag méid infhála neamhslascainithe:

- Féichiúnaithe trádála

4,603,242	5,203,739
-----------	-----------

**Dlíteanais Airgeadais**

Tomhaiste ag méid infhála neamhslascainithe:

- Suimeanna iníoctha trádála

551,447	1,077,413
---------	-----------

Tomhaiste ag Costas Amúchta

- Fiachas Caipitil

40,363,162	26,781,220
------------	------------

**(24) Próiseas Idir-Réitigh:**

Tá imeachtaí idir-réitigh ar siúl idir an Chuideachta agus ceann dá cuid conraitheoirí, maidir le héilimh agus frithéilimh i dtaca le tionscadal togála atá ar siúl. Ceistíonn an Chuideachta bailíocht aon éileamh a dhéantar ag an gconraitheoir. Cé nach bhfuil sé infheidhmithe ag an am seo an tionchar airgeadais a mheas a d'fhéadfadh a bheith ann, más ann dó, a leithéid d'éileamh, ní chreideann na stiúrthóirí, tar éis dóibh comhairle chuí a fháil, gur dócha go dtarlóidh as-sreabhadh sochar eacnamaíoch.

**(25) Idirbhearta Gaolmhara Páirtí:**

Mar an gcéanna lena lán aonán eile, pléann Cuideachta Phort Chorcaí mar chuid dá ghnáthghnó le haonáin de chuid an Rialtais, Údaráis Áitiúla: Comhairle Chathair Chorcaí agus Comhairle Chontae Chorcaí, agus le cuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit ar bhonn an fheidhmithe neamhspleách. Maidir le Noel Cregan, Stiúrthóir (éirithe as 3/9/2020, athcheaptha 26/02/2021) is stiúrthóir é freisin ar ADT Éire Teo. a sholáthraíonn seirbhísí don ghrúpa. Ba é an luach iomlán a cuireadh ar fáil i 2020 ná €95,305 (2019: €82,992).



Port of Cork Company

Tivoli Terminal Building

Tivoli Dock & Industrial Estate

Cork

Ireland

T23 YNT9



[www.portofcork.ie](http://www.portofcork.ie)